

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



Buiséad Bliantúil 2020

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020



Leasuithe ar an nDréachtbhuiséad Bliantúil arna chur i láthair don Chomhairle ag an bPríomhfheidhmeannach

Rinne Comhaltaí breithniú ar an nDréachtbhuiséad ag an gCruinniú Buiséid arna reáchtáil Dé Máirt an 26 Samhain 2019. Glacadh leis an mbuiséad mar a cuireadh i láthair é, seachas na coigeartuithe is gá chun na rúin seo a leanas a chur i bhfeidhm:

a) caiteachas €150,000 faoin gceannteideal B0903 Forfheidhmiú Páirceála chun socrú a dhéanamh maidir le páirceáil a fhorfheidhmiú lasmuigh de limistéir páirceála íoctha, dírithe ar shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú le haghaidh úsáideoirí soghonta bóithre,

b) caiteachas breise €320,000 faoin gceannteideal E1501 chun costais na ngníomhaíochtaí atá fós ag lorg airgid faoin bPlean um Athrú Aeráide a chomhlíonadh, agus

c) caiteachas breise €50,000 faoin gceannteideal E1302 chun íoc as an staidéar mionsonraithe a bhaineann le bearta maolaithe torainn ar an M50 mar a éilítear faoin bPlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn, agus as na costais tosaigh a bhaineann leis na bearta maolaithe sin a chur ar aghaidh,

agus go bhfuil €520,000 ar an iomlán le hardú trí laghdú comhfhreagrach 10% a chur i bhfeidhm ar an aisíocaíocht ó rátaí ar áitribh neamhshealbhaithe (ó aisíocaíocht 50% go haisíocaíocht 40%).

BUISÉAD BLIANTÚIL 2020

CLÁR AN ÁBHAR

Leathanach

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.....	1
Anailís Airgeadais	5
Anailís Airgeadais – Graif.....	10
Táblaí Reachtúla A – E	15
TÁBLAÍ REACHTÚLA F	
Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht	27
Rannán B - Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre.....	36
Rannán C - Seirbhísí Uisce	41
Rannán D - Bainistíocht Forbartha.....	45
Rannán E - Seirbhísí Comhshaoil.....	55
Rannán F - Áineas & Fóntais.....	62
Rannán G - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas.....	71
Rannán H – Seirbhísí Ilghnéitheacha	75
Dearbhú	82
Muirear Lárbhainistíochta – Aguisín 1	83
Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla 2019 – Aguisín 2	84

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



**TUARASCÁIL AN
PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**



DO MHÉARA AGUS BAILL CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

BUISÉAD BLIANTÚIL - 2020

RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh an Dréachtbhuiséad faoi cheangal don bhliain airgeadais 2020 san fhormáid reachtúil agus i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh, lena bhreithniú ag na Comhaltaí Tofa. Baineann céimeanna tábhachtacha leis an bpróiseas tiomsaithe buiséid, lena n-áirítear:

- Comhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh chun breithniú a dhéanamh ar straitéis an bhuiséid, ar ráta na cánach maoine áitiúla agus ar mhionsonraí an bhuiséid ag céimeanna éagsúla den phróiseas.
- Comhairliúchán a dhéanamh le gach grúpa polaitiúil go luath sa phróiseas buiséid chun brúnna agus straitéisí buiséadacha suntasacha a leagan amach agus an buiséad á chríochnú.
- Breithniú arna dhéanamh ag na Comhaltaí Tofa ar an tionchar a bheadh ag athrú i ráta na Cánach Maoine Áitiúla
- Athbhreithnithe mionsonraithe a dhéanamh ar gach gné den bhuiséad le Stiúrthóirí agus le Sealbhóirí Buiséid.

Is í an chéim dheireanach sa phróiseas buiséid ná breithniú na gComhaltaí Tofa ar an mbuiséad ag Cruinniú an Bhuiséid Bhliantúil atá le réachtáil ar an 26 Samhain 2019.

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA NA gCOMHALTAÍ TOFA

Tá roinnt feidhmeanna forchoimeáda ag na Comhaltaí i ndáil leis an bpróiseas buiséid, mar seo a leanas:

Cáin Mhaoine Áitiúil

Tá sé de chumhacht ag na Comhaltaí ráta na Cánach Maoine Áitiúla (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil) a athrú faoi fhachtóir móide/lúide 15%.

Buiséad a Ghlacadh

Is féidir leis na Comhaltaí glacadh leis an mBuiséad fara leasú nó gan leasú agus ní mór dóibh na suimeanna atá curtha ar fáil a fhaomhadh lena n-aistriú chuig an gCuntas Caipítíl.

Ráta a Chinneadh

Ag an gCruinniú Buiséid, ní mór do na Comhaltaí breithniú a dhéanamh ar rún ar leith a bhaineann leis an Ráta Bliantúil ar an Luacháil a chinneadh.

Rátaí ar Áitribh Neamhshealbhaithe

I gcomhréir le hAlt 31 den Acht Rialtais Áitiúil, 2014, tá sé de chumhacht ag na Comhaltaí socrú a dhéanamh ar chion na n-aisíocaíochtaí ó rátaí is infheidhme ar áitribh thráchtála neamhshealbhaithe.

AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN - BUISÉAD 2020

Mar a tharla le roinnt blianta anuas, rinneadh comhairliúchán suntasach le comhaltaí maidir leis an mbuiséad a fhoirmiú le haghaidh 2020.

Is gné lárnach agus thábhachtach den phróiseas buiséid é an próiseas comhairliúcháin leis an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh agus tá mé faoi chomaoin mhór as rannpháirtíocht dhearfach gach Comhalta den ghrúpa.

Chomh maith le dul i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh, cuireadh nuashonraithe ar fáil do gach Comhalta go luath sa phróiseas chun brúnna agus straitéisí buiséadacha suntasacha a léiriú maidir leis an mbuiséad a thabhairt chun críche.

ATHRÚ AR AN gCÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Bheartaigh na Comhaltaí Tofa, ag cruinniú den Chomhairle ar an 9 Meán Fómhair 2019, bunráta na Cánach Maoine Áitiúla a laghdú faoi 10%. Tá sé seo ar aon dul leis an gcinneadh athraithe a comhaontaíodh don bhliain 2018 agus 2019 agus rinne sé ioncam CMÁ roghnach de €1.9m a dhaingniú agus buiséad cothrom do 2019 á thiomsú.

RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Rinne an Oifig Luachála athluacháil thréimhsiúil ar áitribh inrátáilte i bhFine Gall in 2019 agus beidh éifeacht leis an liosta nua luachála ón 1 Eanáir 2020 ar aghaidh. I ndiaidh na céime achomharc den phróiseas athluachála, tá beagán le cois 44% den luacháil inrátáilte i bhFine Gall faoi achomharc. Ardaíonn sé sin roinnt dúshlán airgeadais don Chomhairle a phléitear tuilleadh sa chuid sin den leabhar buiséid dar teideal 'Anailís Airgeadais'.

Faoi théarmaí an ordaithe um theorannú rátaí agus de réir comhairle ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, tá an Ráta Bliantúil ar an Luacháil socruithe ag 0.1796. Tá sé sin go mór faoi bhun an Ráta Bliantúil ar an Luacháil táscach de 0.191 arna fhoilsiú i mí an Mhárta 2019. Ag éirí as an bpróiseas athluachála, tiocfaidh laghdú ar dhliteanas rátaí c.77% d'focóirí rátaí i bhFine Gall idir 2019 agus 2020 mar thoradh ar an Ráta Bliantúil ar an Luacháil a bheith ag 0.1796. Nuair a fheictear é sin i gcomhthéacs tréimhse gan aon mhéaduithe ar rátaí glan tráchtála ó 2010 go 2019, léiríonn sé sin gur timpeallacht an-oiriúnach don ghnó é Fine Gall i gcónaí.

CUSPÓIRÍ BUISÉID 2020

Déanann an Dréachtbuiséad Bliantúil 2020 foráil do leibhéal méadaithe infheistíochta i bhfabraic shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha an Chontae, agus na dúshlán airgeadais atá roimh an Údarás Áitiúil á mbainistiú agus á maolú ag an am céanna. Ba é aidhm fhoriomlán an bhuiséid ná an infheistíocht fheabhsaithe a rinneadh roimhe seo a chothabháil, agus a chinntiú go gcuirfear leo, agus tá sé de rún aige na bunchuspóirí seo a leanas a bhaint amach:-

1. Leanúint le hinfeistíocht a dhéanamh sna réimsí Tithíochta agus Pobail.
2. Ár leibhéal infheistíochta a choinneáil chun seachadadh seirbhísí a fheabhsú.
3. Plean eacnamaíoch agus pobail a fhorbairt d'Fhine Gall a thacaíonn le cruthú post, le turasóireacht agus le pobail inbhuanaithe.

BUAICPHOINTÍ AN BHUISÉID

I mbuiséad 2020, ceadaítear do mhéaduithe i roinnt príomhréimsí ar fud na Comhairle.

Tithíocht

Déantar foráil sa bhuiséad le haghaidh méaduithe sa mhaoiniú d'oibreacha cóirithe caipitiúla sa stoc tithíochta sóisialta, chomh maith le maoiniú breise a chur ar fáil le haghaidh oibreacha feabhsaithe ar eastáit don Lucht Siúil. Áirítear sa bhuiséad freisin méaduithe i ndeontais oiriúnaithe tí.

Oibríochtaí

Déantar foráil sa bhuiséad le haghaidh méaduithe ar fud roinnt réimsí laistigh d'oibríochtaí lena n-áirítear cothabháil bóithre, soilsiú poiblí, bainistiú tráchta agus glantachán sráide.

Pobail agus Leabharlanna

Tá soláthar caipitiúil €2.0m curtha ar fáil sa bhuiséad i dtreo Cheathrú Cultúrtha Shoird a mhaoiniú. Leagann sé sin béim ar thiomantas na Comhairle don phríomhthionscadal suaitheanta seo chun Leabharlann agus Saoráid Ealaíne Contae a chur ar fáil i Sord. Tá €200k breise curtha ar leataobh sa bhuiséad chun tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh oibreacha leasúcháin ar shaoráidí pobail nach bhfuil faoi úinéireacht na Comhairle.

An Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta

Tá maoiniú breise curtha ar fáil sa bhuiséad maidir lenár n-áitribh oidhreachta agus gníomhaíochtaí imeachtaí a leathnú.

Athrú Aeráide

Tá maoiniú breise €520k curtha san áireamh sa bhuiséad chun freastal ar chostais faoin bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019-2024.

Déantar foráil leis an gcaiteachas méadaithe seo d'infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa Chontae agus cuireann sé leis an infheistíocht arna déanamh i mbuiséid eile roimhe seo. Tá sé ríthábhachtach de réir mar a leanann an Contae de bheith ag fás go gcoinneoidh na seirbhísí, an bonneagar agus na háiseanna a chuireann an Chomhairle ar fáil suas leis an bhfás seo.

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhaltaí Tofa na Comhairle as ucht a dtacaíochta agus é a chur ar an taifead cé chomh buíoch is atá mé don Mhéara, an Comhairleoir Eoghan O'Brien agus don Mhéara a tháinig roimhe, an Comhairleoir Anthony Lavin as a dtiomantas d'fhreagrachtaí speisialta na hoifige agus as a gcúirtéis agus a gcomhoibriú, mar aon le comhaltaí an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, agus iad go léir ag tabhairt faoi ghnó na Comhairle i rith 2019. Tá mé ag súil go mór le leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht leis na Comhaltaí Tofa chun seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh do shaoránaigh Fhine Gall.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don fhoireann trí chéile as a dtiomantas agus as a ndíograis chun seirbhísí a sheachadadh do mhuintir Fhine Gall. Is deacair agus éilitheach an obair atá i gceist le Buiséad a ullmhú, obair ar a ndearna an Rannóg Airgeadais comhordú agus a raibh baint ag gach Rannóg de chuid na Comhairle léi. Chuige sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad a d'ullmhaigh an Buiséad seo.

CONCLÚID

Ullmhaíodh an Buiséad tar éis breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar gach riachtanas caiteachais ar fud na Comhairle. Is dúshlán mór i gcónaí é freastal ar na héilimh atá ar leibhéal ardaithe seirbhísí agus infheistíochta sa chontae is mó fás sa tír. Mar sin féin, tacóidh an Buiséad leis an gComhairle na seirbhísí atá á seachadadh againn dár ngeallsealbhóirí a choinneáil agus a fheabhsú.

Molaim go nglacfaí leis an mBuiséad seo.



AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmea
nnach
Samhain 2019

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



ANAILÍS AIRGEADAIS



ANAILÍS AIRGEADAIS

TRÉIMHSE BHUISÉADACH FHORORDAITHE

Tá an tréimhse ón 1 Samhain 2018 go 30 Samhain 2018 leagtha amach ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar an tréimhse fhorordaithe do Chomhairlí Contae chun Cruinniú Buiséad 2020 a reáchtáil. Reáchtálfar an Cruinniú Buiséid reachtúil ar an 26 Samhain 2019 agus ní mór an Buiséad a ghlacadh laistigh de thréimhse 14 lá dár tús an dáta sin. Mar sin, is é an 9 Nollaig 2019 an dáta deireanach chun an Buiséad a ghlacadh.

OLLTORADH 2019

Tugann na figiúirí réamh-mheasta le fios go mbeidh an cuntas ioncaim don bhliain 2019 cothrom. Agus buiséad comhardaithe á bhaint amach, fritháirítear buacacht ioncaim ó íocaíochtaí ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha (NPPR), rátaí, táillí pleanála agus costais phárolla laghdaithe i gcoinne costas breise sa tSeirbhís Dóiteáin, fuinneamh agus réimsí eile.

CUSPÓIRÍ AN BHUISÉID

Déanann an Dréachtbuiséad Bliantúil 2020 foráil do leibhéal méadaithe leanúnach Infheistíochta i bhfabraic shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha an Chontae, agus na dúshlán airgeadais atá roimh an Údarás Áitiúil á mbainistiú agus á maolú ag an am céanna.

AN BUISÉAD

Tá an Dréachtbuiséad don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 leagtha amach san fhormáid fhorordaithe. Déanann an Buiséad foráil do chaiteachas iomlán €269.9m mar a leagtar amach sa leabhar buiséid seo.

Maoinítear é sin ó roinnt foinsí ioncaim, lena n-áirítear cíosanna tithíochta, aisíocaíochtaí iasachta, táillí, muirir, deontais agus aisghabhálacha. Anuas air sin, meastar go mbeidh €7.5m ioncam lánroghnach ó Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ). Áirítear leis sin €1.9m i ndiaidh chinneadh na gComhaltaí CMÁ a athrú go -10% ag cruinniú mhí Mheán Fómhair.

Ós rud é gur cuireadh an Athluacháil Maoine Tráchtála i gcrích in 2019, ríomhtar an Ráta Bliantúil ar an Luacháil le haghaidh 2020 de réir an Ordaithe um Theorannú Rátaí. Leis sin, socraítear an Ráta Bliantúil ar an Luacháil ag 0.1796 le haghaidh 2020.

RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Athluacháil Maoine Tráchtála

Chuir an Oifig Luachála an athluacháil ar mhaoine tráchtála laistigh d'Fhine Gall i gcrích in 2019, agus tá sí le teacht in éifeacht ar an 1 Eanáir 2020. D'fhoilsigh an Oifig Luachála an liosta deireanach i mí Mheán Fómhair agus ina dhiaidh sin, bhí tréimhse 28 lá ann d'íocóirí rátaí chun achomharc a dhéanamh ar an mBinse Luachála. I ndiaidh an phróisis seo, tugann an Binse Luachála le fios go bhfuil beagán le cois 44% den luacháil inráitlíte i bhFine Gall faoi achomharc. Leis an leibhéal achomharc seo, tagann riosca suntasach airgeadais don Chomhairle le haghaidh 2020 agus blianta ina dhiaidh sin. I bhfianaise méid agus scála na n-achomharc sin, luíonn sé le réasún go gcuirfeadh Comhairle Contae Fhine Gall thart ar €25m ar leataobh gach bliain chun déileáil leis na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn as an bpróiseas achomharc.

Chun an riosca suntasach airgeadais seo a mhaolú, tá cúlchiste suntasach leagtha amach sa bhuiséad in 2020 chun cailleanais airgeadais féideartha a íoc i gcás achomharc ó íocóirí rátaí a n-éireoidh leo. Maoinítear an cúlchiste trí mheascán d'acmhainní na Comhairle féin agus sásra

san Ordú um Theorannú Rátaí a cheadaíonn méid áirithe airgid chun caillteanais ioncaim ó rátaí amach anseo a mhaolú.

Is é €22.4m an méid iomlán atá curtha ar fáil i mbuiséad 2020, lena n-áirítear soláthar breise €5.5 ó olltoradh 2019. Tugann an soláthar seo bonn daingean chun an riosca seo a mhaolú ach is díol suntais é go bhfuil achomhairc luachála den chineál gur féidir roinnt blianta a bheith i gceist chun iad a réiteach agus go gcuirfear i bhfeidhm iad go cúlgabhálach go dtí an 1 Eanáir 2020. Ar na mbonn sin, is dóchúil go gcaithfear soláthar suntasach bliantúil a dhéanamh in 2021 agus sna blianta ina dhiaidh sin go dtí go gcuirfear an próiseas achomharc i gcrích.

Tá an Ráta Bliantúil ar an Luacháil le haghaidh 2020 socruithe ag 0.1796, leibhéal atá go mór faoi bhun an Ráta Bliantúil ar an Luacháil táscach 0.191 a foilsíodh i mí an Mhárta 2019. Mar thoradh ar an leibhéal seo de Ráta Bliantúil ar an Luacháil, gheobhaidh c. 77% (4,738) d'íocóirí rátaí sa Chontae laghdú ráta tráchtála in 2020 i gcoinne 2019. Astu siúd, gheobhaidh 3,679 íocóirí rátaí laghdú níos mó ná 10%.

Bandáí Ráta

Rátaí ó €	Rátaí go €	Líon na gCuntas	% na gCuntas	Carnach		Reatha		Rátaí	Rátaí Carnacha	Carnach
				c/s		€				
€	€ 1,000	563	9.2%	563	9.2%	€ 361,165	0.2%	€ 361,165	0.2%	
€	€ 1,001	€ 5,000	3079	50.2%	3642	59.4%	€ 8,261,358	5.6%	€ 8,622,522	5.8%
€	€ 5,001	€ 10,000	986	16.1%	4628	75.5%	€ 6,803,589	4.6%	€ 15,426,112	10.4%
€	€ 10,001	€ 50,000	1147	18.7%	5775	94.2%	€ 25,976,290	17.5%	€ 41,402,401	27.8%
€	€ 50,001	€ 100,000	204	3.3%	5979	97.5%	€ 14,068,843	9.5%	€ 55,471,244	37.3%
€	€ 500,000		131	2.1%	6110	99.6%	€ 25,385,450	17.1%	€ 80,856,694	54.3%
>500000			23	0.4%	6133	100.0%	€ 67,993,006	45.5%	€ 148,849,700	100.0%
iomlán			6133	100%			€ 148,849,700	100%		

Rátaí ar Áitribh Neamhshealbhaithe

Agus Buiséad 2019 á bhreithniú, shocraigh na Comhaltaí ráta aisíocaíochta d'áitribh neamhshealbhaithe 50% a chur i bhfeidhm. Ceanglaítear leis an reachtaíocht go ndéanann Comhaltaí breithniú ar an ábhar sin gach bliain agus ag an gcrúinniú buiséid, glacadh le rún chun an ráta aisíocaíochta a laghdú go 40% le haghaidh 2020.

UISCE ÉIREANN

Leanann an Chomhairle de bheith ag obair le hUisce Éireann chun seirbhísí uisce a sholáthar i gcomhréir leis an gComhaontú Leibhéal Seirbhíse agus an Plean Seirbhíse Bliantúil comhaontaithe. Ní chuirfear deireadh leis na cruinnithe chun buiséid agus pleananna seirbhíse bliantúla a chomhaontú le hUisce Éireann go dtí go mbeidh ár bpróiseas buiséid curtha i gcrích. Soláthraítear an chuid is mó de chaiteachas i Seirbhísí Uisce ar chóras bainistíochta airgeadais Uisce Éireann anois agus ní léirítear i gcostais na Comhairle é. Baineann na príomhchostais arna léiriú i Rannán C le párolla, aisíocaíochtaí iasachta um praghsáil uisce, costais árachais agus roinnt costas fuinnimh.

Rinneadh athluacháil ar bhonneagar Uisce Éireann le linn 2019 ar chúiseanna rátaí mar chuid d'athluacháil uilíoch a thiocfaidh in éifeacht ó 2020 ar aghaidh. Is éard is ciall leis sin ná nach mbeidh Comhairle Contae Fhine Gall ag fáil maoiniú deontais €5.4m go bliantúil a thuilleadh ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, suim a bhí á híoc mar chúiteamh ar ioncam caillte i ndiaidh dhírátáil Uisce Éireann roinnt blianta ó shin. Mar thoradh ar an aistriú seo ó chúiteamh maoinithe le deontais go dtí rátaí a ghearrfar, caillfear ioncam €3.2 gach bliain. Tá buacacht rátaí tar éis é seo a mhaolú i bpáirt i réimsí eile.

AN tÚDARÁS INNIÚIL UM THORANN AERÁRTHAÍ

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ainmnithe mar Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí san Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019. Déantar foráil san Acht le haghaidh Tobhaigh Aerfoirt maidir leis na costais arna dtabhú ag an údarás inniúil agus is é údarás an aerfoirt atá dlite chun an tobhach sin a íoc.

PÁRROLLA

Leanann an buiséad párolla d'fhoráil a dhéanamh do ról uile laistigh den Chomhairle, cibé an bhfuil na ról sin líonta nó folamh. Leanann an margadh saothair de bheith teann, go mór mór i ndáil le ról teicniúla agus profisiúnta, agus mar sin, bíonn deacracht ann ó thaobh na ról a líonadh uaireanta agus bíonn moill i gceist maidir leis na ról sin a líonadh. Léirítear é sin sa bhuiséad párolla le haghaidh 2020.

Bliain	Pá €	Tuarastail €	Pinsin €
2008	31,794,000	54,530,300	6,010,700
2019 Glactha	23,283,500	49,119,100	12,539,751
Olltoradh	22,268,300	45,515,200	12,808,100
2020	23,313,300	48,508,600	13,064,000

LEITHDHÁILEADH NA CÁNACH MAOINE ÁITIÚLA

Leis an gCiorclán Airgeadais 08/2019 dár dáta an 10 Deireadh Fómhair 2019, cuireadh an Chomhairle ar an eolas maidir leis an Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúla arb ionann é agus €26.8m i ndiaidh chinneadh na gComhaltaí Tofa an bunráta cánach a laghdú faoi 10%. Ligeann an t-athrú -10% don Chomhairle leanúint d'infheistíochtaí a dhéanamh i leabharlanna, oibríochtaí, tithíocht agus imeachtaí. Ceadáíonn sé dúinn ciste deontas caipitiúil a sholáthar chun tacú le hionaid phobail nach bhfuil faoi úinéireacht na Comhairle.

Is í seo a leanas anailís ar Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla:

Comhairle Contae Fhine Gall – Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla, 2020	
	2020
CMÁ 100%	38,291,998
20% CMÁ chuig Ciste Comhionannaithe	7,658,400
80% CMÁ Coinnithe go hÁitiúil	30,633,598
Bonnlíne	3,699,275
Barrachas 2020 (CMÁ Coinnithe go hÁitiúil - Bonnlíne 2020)	26,934,323
Maoiniú Lánroghnach	7,658,400
Iúide laghdú 10%	3,829,200
Maoiniú Lánroghnach Fágtha	3,829,200
Leithdháileadh leasaithe CMÁ 2020 (tar éis an chinnidh chun ráta a athrú)	26,804,399
LE LEITHDHÁILEADH MAR SEO A LEANAS:	
CUNTAS IONCAIM	
CMÁ tithíochta iomlán (Cuntas Ioncaim) CMÁ	1,500,000
Bóithre Iomlán (Cuntas Ioncaim) Maoiniú Lánroghnach	3,914,446
	7,528,475
CMÁ IOMLÁN I gCUNTAS IONCAIM 2020	12,942,921
CMÁ leithdháilte chuig Tionscadail Chaipitil Tithíochta	13,861,478
LEITHDHÁILEADH IOMLÁN CMÁ (80%)	26,804,399

AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN

Trí chomhaontú, is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chuireann an tSeirbhís Dóiteáin ar fáil don cheithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath. Roinntear glanchostas na seirbhíse idir na hÚdaráis, trí dhaonra Fhine Gall a chur san áireamh mar chéatadán de na ceithre hÚdarás i mBaile Átha Cliath, líon na dteaghlach i ngach limistéar riaracháin agus an luacháil inrátáilte stairiúil. Meastar gurb ionann costas sciar Fhine Gall den tseirbhís in 2020 agus €21.7m, ardú €1.08m i gcomparáid le buiséad 2019 agus is údar imní an staid seo i gcónaí. Seo a leanas cionroinnt chostais na Seirbhíse Dóiteáin idir na ceithre hÚdarás i mBaile Átha Cliath:

Údarás Áitiúil	Buiséad 2019		Athbhreithnithe 2019		Buiséad 2020	
	Glanchostas	Cionroinnte %	Glanchostas	Cionroinnte % %	Glanchostas	Cionroinnte % %
Comhairle Cathrach BÁC	50,665,507	47.63	52,382,502	47.59	53,214,290	47.59
Comhairle Contae Fhine Gall	20,657,656	19.42	21,400,341	19.44	21,740,160	19.44
Comhairle Contae BÁC	19,562,013	18.39	20,253,093	18.40	20,574,694	18.40
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	15,487,923	14.56	16,039,581	14.57	16,294,276	14.57
	106,373,099	100.00	110,075,517	100	111,823,419	100

COSTAIS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Tá cionroinnt costas agus forchostas riaracháin ghinearálta i gceist le gach rannán nach bhfuil inghearrtha go díreach ar rannán faoi leith. Tá na costais sin leagtha amach in Aguisín 1 agus is ionann iad agus €45.5m le haghaidh 2020. Grúpáiltear na costais mar 'chostais tacaíochta seirbhíse' agus áirítear leo costais chóiríochta oifige, tuarastail nach bhfuil inghearrtha go díreach ar rannán faoi leith, pinsin, scor, aiscí, seirbhísí ríomhaireachta, speansais dlí, postas, teileafón, priontáil, stáiseanóireacht agus fógraíocht. Leithdháileadh na forchostais sin ar Rannáin agus Seirbhísí ar bhonn spreagthaí costais náisiúnta.

Ar an gcéad leathanach eile, leagtar amach anailís ar an gcaiteachas i ngach réimse:

		Mar a leithdháiltear an Muirear Lárbhainistíochta
Forchostas Gnóthaí Corparáideacha	7,109,300	Leithdháilte bunaithe ar líon ball foirne tuarastail i Rannáin A go H
Tá tuarastail Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Dlí agus Seirbhísí Iniúchta, lena n-áirítear an Coiste Iniúchta san áireamh faoin gceannteideal seo. Chomh maith leis sin tá costais a bhaineann le Cumarsáid agus le himeachtaí agus féilte ar fud an chontae. Cuirtear costais maidir le polasaithe árachais na Comhairle a riaradh faoin gceannteideal seo.		
Forchostas Foirgníochta Corparáideacha	11,180,900	Leithdháilte bunaithe ar líon ball foirne tuarastail i Rannáin A go H.
Costais a bhaineann le soláthar agus cothabháil na nOifigí Corparáideacha (Halla an Chontae, Baile Bhlaínséir agus Baile Brigín). Costais párolla d'Ailtirí agus do Phóirtéirí. Aisíocaíochtaí iasachta d'oifigí Halla an Chontae agus Bhaile Bhlaínséir agus costais cheaintín. Déantar foráil anseo freisin do mhaoiniú iarmhéideanna dochair a bhaineann le costais cóiríochta oifige a thógáil, lena n-áirítear foráil d'oifigí Bhaile Brigín a cheannach.		
Forchostas an Fheidhmeannais Airgeadais	2,593,500	Costais bunaithe ar an líon idirbheart airgeadais ginte i Rannáin A go H
Tagann costais phárolla don Rannóg Airgeadais faoin gceannteideal seo, lena n-áirítear Árachas, Cuntais Iniúchta, Bainistíocht Airgeadais agus Rialú, Costais FMS agus Soláthar.		
An Fheidhm Acmhainní Daonna	2,985,700	Leithdháilte bunaithe ar líon iomlán ball foirne i Rannáin A go H.
Tagann costais phárolla don Rannóg Acmhainní Daonna & don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta faoin gceannteideal seo. Costais oifige riaracháin párolla don fhoireann agus do phinsinéirí.		
Seirbhísí TF	6,221,900	Costais bunaithe ar líon ríomhairí pearsanta agus úsáid feidhmchlár i Rannáin A go H
Costais foirne TF lena n-áirítear infrastruchtúr líonra, freastalaithe, ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine agus crua-earraí cumarsáide. Tagann córais TF a thacaíonn le riachtanais ghnó gach Rannóg agus a eisiónn Ceadúnais Iarratais PC faoin gceannteideal seo.		
Forchostas Pinsin & Cnapshuime	15,389,500	Costais bunaithe ar % de chostais tuarastail i Rannáin A go H
Gach Pinsean agus Aiscí mar aon le costais tuarastail don fhoireann sa Rannóg Acmhainní Daonna a riarann párolla do phinsinéirí.		

CLÁR CAIPITIL 2020–2022

Thug na Comhaltaí an clár caipitiúil 2020-2022 dá n-aire ag Cruinniú na Comhairle ar an 14 Deireadh Fómhair 2019. Aithnítear 236 tionscnamh faoi leith ann a bhfuil €619.6m measta le caitheamh orthu thar tréimhse na 3 bliana. Tá líon tionscadal i gceist leis an gclár, a bhfuil cuid díobh ag brath ar mhaoiniú ón ár mBuiséad Ioncaim (trí bhíthin aistrithe caipitil). Tá soláthar déanta dá leithéid de mhaoiniú ar bhealach réalaíoch agus ag an am céanna ag cinntiú go gcuirfear dóthain acmhainní i dtreo caiteachais agus tiomantais chaipitiúil.

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council




**ANAILÍS AIRGEADAIS
– GRAIF**




Caiteachas in aghaidh an Duine den Daonra

	Caiteachas	% den Bhuiséad	Caitheamh/ Duine den Daonra
Tithíocht & Foirgníocht	€73,607,700	27.27%	€248.50
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	€28,709,600	10.63%	€96.92
Seirbhísí Uisce	€18,550,500	6.87%	€62.63
Bainistíocht Forbartha	€24,048,700	8.91%	€81.19
Seirbhísí Comhshaoil	€47,711,400	17.67%	€161.07
Áineas & Fóntais	€45,249,500	16.76%	€152.76
Talmhaíocht, Sláinte, Leas agus Oideachas	€1,088,000	0.40%	€3.67
Seirbhísí Ilghnéitheacha	€31,004,700	11.48%	€104.67
	€269,970,100	100.00%	€911.40




* Daonra 296,214 - Daonáireamh 2016

CAITEACHAS IONCAIM DE RÉIR BLIANA 2014 - 2020




An áit a n-úsáidfean an Caiteachas




Anailís ar Chaiteachas

	Buiséad Athbheithnithe			2020
	Buiséad 2019	2019	Buiséad	
	€	€	€	
<u>Párolla</u>				
Tuarastail & Pá	72,402,600	67,783,500	71,821,900	
Costais Eile Párolla	1,763,000	1,794,100	1,805,400	
Pinsin & Aiscí	15,039,800	14,808,100	15,364,000	
<u>Speansais Oibríochtúla</u>				
Ceannach Talún & Trealamh	1,064,300	1,486,400	1,005,600	
Deisiú & Cothabháil	318,400	347,200	318,400	
Íocaíochtaí Conartha	19,832,700	22,488,900	21,133,800	
Seirbhísí Gníomhaireachta	33,781,700	35,711,500	44,853,100	
Gléasra ar Cíos	1,742,200	2,056,300	1,479,700	
Eisiúintí Ábhair & Stórais	2,460,800	2,898,300	2,670,300	
Deontais Tithíochta	2,976,200	3,377,800	3,377,800	
Íocaíocht Deontas/Fóirdheontas	3,554,700	3,347,100	3,587,300	
Costais Chomhaltáí	479,500	628,600	333,500	
Táillí Comhairleoireachta agus Proifisiúnta	4,728,600	5,874,900	6,638,800	
Fuinneamh	4,357,300	4,976,100	4,808,500	
Costais SCC	11,600,000	12,200,000	12,800,000	
Costais Eile Oibríochtúla	7,722,100	7,090,300	7,193,500	
<u>Costais Riaracháin agus Forais</u>				
Cumarsáid	1,186,600	1,323,200	1,281,500	
Oiliúint & Earcú	1,225,400	1,321,200	1,314,500	
Priontáil & Stáiseanóireacht	713,100	727,300	792,200	
Ranníocaíochtaí chuig Comhlachtaí Eile	2,116,500	2,290,100	2,393,200	
Costais Eile Riaracháin	3,813,400	4,139,000	4,715,600	
Cíosanna & Rátaí	2,955,900	3,086,600	1,968,500	
Cáin Mhaoine Áitiúil	360,000	360,000	385,000	
Costais Eile Forais	710,200	871,100	894,800	
Costais Airgeadais (lena n-áirítear lasachtaí & Léasanna)	22,386,700	20,784,800	21,314,000	
Aistriú chuig Caipiteal	14,352,200	19,641,600	33,612,700	
Ilghnéitheach	3,661,700	2,995,000	2,106,500	
	237,305,600	244,409,000	269,970,100	




Anailís ar Ioncam

	Buiséad 2019	Buiséad Athbhreithnithe 2019	Buiséad 2020
	€	€	€
Rátaí Tráchtála	126,537,400	128,182,800	148,849,700
Deontais (lena n-áirítear CMÁ féinmhaoinithe)	46,527,300	49,361,800	54,433,300
Asbhaintí Aoisliúntais & Pinsin	2,100,000	2,106,000	2,200,000
Cáin Mhaoine Áitiúil (Lán Roghnach)	7,524,700	7,524,700	7,528,500
Cíos Tithíochta	17,026,000	17,583,000	18,180,600
Cíos Tithíochta Eile	4,484,000	4,280,000	4,400,000
Ús agus Táillí ó Iasachtaí Tithíochta	3,576,500	3,101,600	3,602,900
Uisce Éireann	14,979,400	14,520,900	14,714,900
Ionaid Athchúrsála & Ioncam ó Líonadh Talún	760,000	760,000	760,000
Táillí Pleanála	1,471,000	1,520,500	1,470,500
Táillí/Muirir Pháirceála	1,655,000	1,660,000	1,730,000
Gníomhaíochtaí Áineasa & Fóntais	90,200	645,900	665,000
Seirbhísí Gníomhaireachta & Údaráis Áitiúla eile a	649,300	739,300	799,300
Cíos Réadmhaoine & Léasú Talún	1,453,600	1,422,000	1,423,600
Muirir Dóiteáin	850,000	1,000,000	850,000
NPPR	1,200,000	1,600,000	700,000
Táillí & Fíneálacha Eile	2,055,900	3,112,800	4,021,000
Ioncam Ilghnéitheach	4,365,300	5,287,700	3,640,800
	237,305,600	244,409,000	269,970,100



Dáileadh Ioncaim ó Rátaí Tráchtála 2020 - €148.85m



Tagraíonn an “Luacháil Uilíoch” do luachálacha ar fhóntais éagsúla (líonraí) cosúil leis an mBord Soláthar Leictreachais, an Bord Gáis, líonraí teileachumarsáide éagsúla agus líonra an uisce dhromchla.

Buiséad Reachtúil

TÁBLAÍ A - E



Is díol suntais é go bhféadfadh fadhbanna slánaithe a bheith i gceist i roinnt táblaí de bharr leibhéal na mionsonraí a bhaineann le cionroinnte na gCostas Seirbhísí Tacaíochta. Ní bhaineann éifeacht ábhartha ar bith leo agus ní imríonn siad tionchar ar bith ar fhiúirí foriomlána an bhuiséid.

TÁBLA A - ÁIREAMH AN RÁTA BHLIANTÚIL AR LUACHÁIL DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2020

Comhairle Contae Fhine Gall

Achoimre de réir Rannáin Seirbhíse	Caiteachas €	Ioncam €	Glan-chaiteachas Buiséid 2020 €	%	Giantoradh Measta 2019 Glanchaiteachas €	%
Ollchaiteachas Ioncaim agus Ioncam						
A Tithíocht & Foirgníocht	73,607,700	68,082,100	5,525,600	3.5%	8,637,000	6.4%
B Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	28,709,600	6,987,900	21,721,700	13.9%	20,825,500	15.3%
C Seirbhísí Uisce	18,550,500	17,609,600	940,900	0.6%	1,883,900	1.4%
D Bainistíocht Forbartha	24,048,700	4,713,700	19,335,000	12.4%	17,855,800	13.2%
E Seirbhísí Comhshaoil	47,711,400	7,067,800	40,643,600	26.0%	40,384,000	29.8%
F Áineas & Fóntais	45,249,500	2,547,600	42,701,900	27.3%	41,497,200	30.6%
G Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	1,088,000	218,500	869,500	0.6%	806,200	0.6%
H Seirbhísí Ilghnéitheacha	31,004,700	6,364,700	24,640,000	15.8%	3,817,600	2.8%
	269,970,100	113,591,900	156,378,200	100.0%	135,707,200	100.0%
Soláthar don Iarmhéid Dochair			2,210,400		-	
OLLCHAITEACHAS AGUS IONCAM (A)			158,588,600		135,707,200	
COIGEARTAITHE						
Soláthar don Iarmhéid Sochair			2,210,400		-	
Cáin Mhaoine Áitiúil *			7,528,500			
FD-IOMLÁN (B)			9,738,900		-	
MÉID GLAN RÁTAÍ LE TOBHACH A)-(B)			148,849,700			
Luach an Choigeartaithe Bonn bhliana (BYA)			-			
MÉID GLAN RÁTAÍ LE TOBHACH (BYA san áireamh) (D)			148,849,700			
GLANLUACHÁIL ÉIFEACHTACH (E)			828,785,300			
RÁTA GINEARÁLTA BLIANTÚIL AR LUACHÁIL (D) / (E)			.1796			

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2020 agus Olltoradh Measta do 2019

Rannán agus Seirbhísí	2020				2019			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle	Olltoradh Measta €	Glactha ag an gComhairle	Olltoradh Measta €
A Tithíocht & Foirgníocht								
A01 Cothabháil & Feabhsúcháin Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil	11,265,300	11,265,300	18,337,200	18,337,200	11,092,600	12,143,600	17,147,900	17,760,900
A02 Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta	1,744,000	1,744,000	36,600	36,600	1,350,600	1,552,200	27,300	32,300
A03 Riarachán um Chíos Tithíochta agus Ceannacháin Tionóntaí	1,875,600	1,875,600	47,100	47,100	1,867,900	1,865,100	49,100	56,500
A04 Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta	2,331,500	2,331,500	60,500	60,500	1,979,400	1,931,300	52,300	57,200
A05 Riaradh na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean	3,208,700	3,208,700	335,100	335,100	3,410,500	3,309,200	376,700	341,500
A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíocht	9,204,100	9,204,100	6,275,800	6,275,800	8,645,100	8,426,400	5,544,300	5,593,400
A07 SCC & Clár Léasaithe	32,576,800	32,576,800	34,845,800	34,845,800	25,036,400	25,919,200	24,365,800	25,498,700
A08 Iasachtaí Tithíochta	5,355,200	5,355,200	4,709,300	4,709,300	5,387,500	4,840,700	4,654,000	4,220,700
A09 Deontais Tithíochta	3,954,500	3,954,500	2,716,100	2,716,100	3,618,500	3,961,900	2,395,000	2,718,700
A11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	1,529,000	1,529,000	583,200	583,200	966,100	1,264,900	135,000	650,200
A12 Clár HAP	563,000	563,000	135,400	135,400	749,700	482,400	264,900	129,900
Iomlán Rannán A	73,607,700	73,607,700	68,082,100	68,082,100	64,104,300	65,696,900	55,012,300	57,060,000

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2020 agus Olltoradh Measta do 2019

Rannán agus Seirbhísí	2020				2019			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
B Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre								
B01 Príomhbhóithre Náisiúnta - Cothabháil agus Feabhsú	-	-	-	-	-	-	-	-
B02 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil agus Feabhsú	-	-	-	-	-	-	-	-
B03 Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú	7,758,200	7,758,200	2,083,600	2,083,600	7,543,900	6,897,900	2,075,100	2,094,600
B04 Bóithre Áitiúla - Cothabháil agus Feabhsú	7,886,900	7,886,900	2,056,800	2,056,800	8,134,900	9,976,100	2,051,400	2,061,300
B05 Soilsiú Poiblí	4,988,800	4,988,800	456,800	456,800	4,745,000	5,019,900	454,000	456,700
B06 Feabhsú Bainistíochta Tráchtá	2,932,100	2,932,100	54,300	54,300	2,569,900	2,745,200	51,800	57,300
B07 Feabhsú Innealtóireachta Sábháilteachta ar Bhóithre	-	-	-	-	-	-	-	-
B08 Cur Chun Cinn & Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre	1,897,300	1,897,300	67,400	67,400	1,444,600	1,451,000	72,900	70,100
B09 Páirceáil	916,900	766,900	1,731,800	1,731,800	797,700	794,900	1,661,700	1,662,000
B10 Tacaíocht do Chlár Caipitil na mBóithre	1,826,700	1,826,700	43,600	43,600	1,651,600	1,532,000	23,800	26,800
B11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	502,800	502,800	493,600	493,600	422,400	565,200	539,900	1,727,800
Iomlán Rannán B	28,709,700	28,559,700	6,987,900	6,987,900	27,310,000	28,982,200	6,930,600	8,156,600

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2020 agus Olltoradh Measta do 2019

Rannán agus Seirbhísí	2020				2019			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
C Seirbhísí Uisce								
C01 Soláthar Uisce	10,449,300	10,449,300	10,522,600	10,522,600	10,688,300	10,212,900	10,750,600	10,318,900
C02 Cóireáil Dramhuisce	6,238,100	6,238,100	6,292,400	6,292,400	6,272,500	6,024,000	6,319,900	6,102,100
C03 Muirir Bailithe Uisce agus Dramhuisce	-	-	-	-	-	-	-	-
C04 Leithris Phoiblí	283,500	283,500	8,200	8,200	353,200	347,100	18,400	21,700
C05 Riaradh Suiteálacha Grúpa agus Suiteálacha Príobháideacha	8,200	8,200	8,200	8,200	7,200	11,000	7,200	11,000
C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce	734,400	734,400	742,100	742,100	689,100	976,200	699,400	993,700
C07 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-	5,600	3,300	5,600	3,300
C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil	837,100	837,100	36,000	36,000	1,964,500	1,796,300	29,600	36,300
Iomlán Rannán C	18,550,600	18,550,600	17,609,500	17,609,500	19,980,400	19,370,800	17,830,700	17,487,000

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2020 agus Olltoradh Measta do 2019

Rannán agus Seirbhísí	2020				2019			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
D Bainistíocht Forbartha								
D01 Pleanáil Chun Cinn	3,178,700	3,178,700	81,500	81,500	3,279,200	3,205,900	80,000	93,700
D02 Bainistíocht Forbartha	8,550,400	8,550,400	1,492,900	1,492,900	7,422,300	7,328,800	1,479,000	1,503,700
D03 Forfheidhmiú	641,900	641,900	41,500	41,500	688,100	658,000	36,100	52,000
D04 Saoráidí Tionsclaíocha agus Tráchtála	707,800	707,800	23,400	23,400	882,700	749,000	19,900	22,200
D05 Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta	1,371,400	1,371,400	245,900	245,900	1,546,000	1,452,300	167,000	248,400
D06 Feidhm Phobail agus Fiontraíochta	2,262,900	2,262,900	230,800	230,800	2,064,800	2,235,500	228,700	262,200
D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe	-	-	-	-	-	-	-	-
D08 Rialú Tógála	2,121,600	2,121,600	192,700	192,700	1,985,500	2,099,300	189,200	246,200
D09 Forbairt agus Cur Chun Cinn Eacnamaíoch	3,375,000	3,375,000	1,547,000	1,547,000	3,557,500	3,377,800	1,475,800	1,507,300
D10 Bainistiú Réadmhaoine	1,268,500	1,268,500	623,200	623,200	1,012,200	1,070,300	631,200	619,800
D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe	570,500	570,500	234,600	234,600	520,800	432,500	189,800	197,900
D12 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-	-	-	-	-
Iomlán Rannán D	24,048,700	24,048,700	4,713,500	4,713,500	22,959,100	22,609,400	4,496,700	4,753,400

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2020 agus Olltoradh Measta do 2019

Rannán agus Seirbhísí	2020				2019			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
E Seirbhísí Comhshaoil								
E01 Oibríochtaí Láithreáin Talún agus Iarchúram	5,260,200	5,260,200	32,200	32,200	6,125,500	5,888,500	24,800	34,900
E02 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála & Athchúrsála	2,785,500	2,785,500	1,314,600	1,314,600	2,899,100	2,894,600	1,313,700	1,315,300
E03 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála Fuinnimh	865,200	865,200	1,184,200	1,184,200	845,000	811,400	1,076,400	1,076,400
E04 Soláthar Dramhaíola do Sheirbhísí Bailithe	-	-	-	-	-	-	-	-
E05 Bainistiú Bruscair	1,072,700	1,072,700	124,200	124,200	922,800	977,700	103,000	144,600
E06 Glantachán Sráide	6,492,900	6,492,900	171,200	171,200	6,530,000	6,822,300	158,600	187,200
E07 Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola	1,460,000	1,460,000	458,400	458,400	1,405,400	1,353,200	341,300	455,000
E08 Pleanáil Bainistithe Dramhaíola	238,300	238,300	24,100	24,100	238,500	235,600	23,200	23,600
E09 Cothabháil Reiligí	2,143,500	2,143,500	953,600	953,600	2,202,100	2,257,500	948,500	957,200
E10 Sábháilteacht Struchtúir agus Áiteanna	1,428,400	1,428,400	100,800	100,800	1,452,000	1,408,100	72,700	87,200
E11 Oibriú Seirbhísí Dóiteáin	21,741,900	21,741,900	-	-	20,659,600	21,402,000	-	-
E12 Cosc Dóiteáin	207,500	207,500	850,000	850,000	215,500	217,000	850,000	1,000,000
E13 Cáilíocht Uisce, Aer agus Truailliú ó Thorann	2,879,700	2,829,700	1,851,100	1,851,100	1,148,000	1,982,100	46,500	1,059,900
E14 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-	-	-	-	-
E15 Athrú Aeráide & Tuile	1,135,600	815,600	3,300	3,300	493,700	479,300	3,400	4,000
Iomlán Rannán	47,711,400	47,341,400	7,067,700	7,067,700	45,137,200	46,729,300	4,962,100	6,345,300

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2020 agus Olltoradh Measta do 2019

Rannán agus Seirbhísí	2020				2019			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
F Áineas & Fónais								
F01 Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta	990,500	990,500	314,600	314,600	742,400	865,600	321,500	317,900
F02 Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne	14,239,400	14,239,400	391,400	391,400	13,484,200	12,844,700	376,600	566,500
F03 Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Faoin Aer	18,473,000	18,473,000	1,160,400	1,160,400	18,666,000	18,654,500	1,015,600	1,202,400
F04 Spóirt Pobail agus Forbairt Fóillíochta	6,682,800	6,682,800	421,200	421,200	6,499,400	6,681,000	169,500	696,400
F05 Oibriú an Chláir Ealaíon	4,863,700	4,863,700	260,000	260,000	5,442,600	5,433,600	593,200	199,000
F06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-	-	-	-	-
Iomlán Rannán F	45,249,400	45,249,400	2,547,600	2,547,600	44,834,600	44,479,400	2,476,400	2,982,200

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2020 agus Olltoradh Measta do 2019

Rannán agus Seirbhísí	2020				2019			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
G Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas								
G01 Costais Draenála Talún	-	-	-	-	-	-	-	-
G02 Oibriú agus Cothabháil Céanna/Calafort	386,700	386,700	10,300	10,300	325,000	383,800	9,500	10,500
G03 Cosaint an Chósta	-	-	-	-	-	-	-	-
G04 Seirbhísí Tréidliachta	606,200	606,200	168,500	168,500	619,600	617,300	199,000	248,800
G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais	95,100	95,100	39,700	39,700	142,800	97,600	50,900	33,100
G06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-	-	-	-	-
Iomlán Rannán G	1,088,000	1,088,000	218,500	218,500	1,087,400	1,098,700	259,400	292,400

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam do 2020 agus Olltoradh Measta do 2019

Rannán agus Seirbhísí	2020				2019			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
H Seirbhísí Ilghnéitheacha								
H01 Cuntas Brabúis & Cailteanais Innealra	-	-	-	-	-	-	-	-
H02 Cuntais Stórais Brabúis & Cailteanais	311,000	311,000	-	-	180,900	234,100	-	-
H03 Riaradh Rátaí	27,229,300	27,749,300	279,800	279,800	7,244,700	10,947,700	5,726,800	5,770,400
H04 Costais Saincheadúnais	469,400	469,400	7,800	7,800	913,100	991,900	67,800	19,900
H05 Oibriú Costas Marbhlainne agus Cróinéara	22,100	22,100	-	-	162,500	22,200	-	-
H06 Droichid Mheáite	18,100	18,100	-	-	19,600	17,600	-	-
H07 Oibriú Margái agus Corrthrádála	1,000	1,000	3,000	3,000	-	1,000	3,000	3,000
H08 H08 Damáiste Mailíseach	-	-	-	-	-	-	-	-
H09 Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Sibhialta	2,199,200	2,199,200	21,300	21,300	2,397,500	2,385,300	23,300	28,300
H10 Mótarcháin	-	-	-	-	-	-	-	-
H11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	754,600	754,600	6,052,800	6,052,800	974,500	842,500	5,454,200	5,803,000
Iomlán Rannán H	31,004,700	31,524,700	6,364,700	6,364,700	11,892,800	15,442,300	11,275,100	11,624,600
Méid Foriomlán	269,970,200	269,970,200	113,591,500	113,591,500	237,305,800	244,409,000	103,243,300	108,701,500

TÁBLA C - ÁIREAMH AN CHOIGEARTAITHE BONNBHLIANA DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2020
Comhairle Contae Fhine Gall

Údarás Rátaíochta	(i) Ráta Bliantúil ar Luacháil 2020 €	(ii) ARV éifeachtach (glan ar BYA) 2020 €	iii. Coigeartú Bonn- bhliana 2020 €	(iv) Glanluacháil Éifeachtach €	(v) Luach an Choigearta ithe Bonn- bhliana €
	-	-	-	-	-
IOMLÁN				-	-

Tábla D

ANAILÍS AR BHUISÉAD 2020 IONCAM Ó EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ

	2020	2019
Foinse an Ioncaim	€	€
Cíos ó thithe	22,580,600	21,510,000
Ús agus Táillí ó Iasachtaí Tithíochta	3,602,900	3,576,500
Fíneálacha & Muirir Páirceála	1,730,000	1,655,000
Uisce Éireann	14,714,900	14,979,400
Táillí Pleanála	1,470,500	1,471,000
Muirir Dramhaíola Tí	760,000	760,000
Muirir Dramhaíola Tráchtála	-	-
Muirir Láithreán Talún	-	-
Muirir Dóiteáin	850,000	850,000
Fóillíocht/Fóntais/Cultúr	665,000	90,200
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíochta	-	41,000
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	664,800	608,300
Aoisliúntas	2,200,000	2,100,000
NPPR	700,000	1,200,000
Ioncam eile	9,219,900	7,874,700
Iomlán na nEarraí agus Seirbhísí	59,158,600	56,716,100

Tábla E

ANAILÍS AR BHUISÉAD 2020 IONCAM Ó DHEONTAIS & FÓIRDHEONTAIS

	2020	2019
	€	€
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil		
Tithíocht & Foirgníocht	40,287,000	28,455,300
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	3,914,400	3,914,400
Seirbhísí Uisce	2,366,100	2,341,200
Bainistíocht Forbartha	-	-
Seirbhísí Comhshaoil	-	50,000
Áineas & Fóntais	75,000	75,000
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	-	-
Seirbhísí Ilghnéitheacha	4,901,500	9,239,700
Fo-iomlán	51,544,000	44,075,600
Rannóga agus Comhlachtaí Eile		
Blí Bonneagar Iompair Éireann	435,000	435,000
Cultúr, Oidhreacht & Gaeltacht	170,000	129,000
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	-	-
Coimirce Sóisialaí	-	-
Cosaint	-	-
Oideachais agus Scileanna	-	-
Comhairle na Leabharlann	-	-
An Chomhairle Ealaíon	50,000	28,500
Iompar, Turasóireacht & Spórt	16,000	10,000
Dlí agus Ceart & Comhionannas	-	-
Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara	50,000	80,000
Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	1,162,100	1,106,000
Forbairt Tuaithe & Pobail	112,000	62,000
Cumarsáid, Gníomhaíocht ar mhaithe leis an Aeráid & Comhshaoil	381,500	256,000
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	-	-
Eile	512,700	345,200
Fo-iomlán	2,889,300	2,451,700
Iomlán na nDeontas agus Fóirdheontas	54,433,300	46,527,300

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



Buiséad Reachtúil

TÁBLAÍ F
CAITEACHAS & IONCAM

RANNÁIN A-H



Rannán A

TITHÍOCHT & FOIRGNÍOCHT

Tugann an Rannóg Tithíochta tacaíocht tithíochta sóisialta dóibh siúd nach bhfuil in ann lóistín a chur ar fáil dóibh féin óna n-acmhainní féin agus cuireann sí seirbhísí ar fáil do thionóntaí na Comhairle, dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta acu agus do shealbhóirí tí príobháideacha.

Cuireann an Rannóg *'Éire a Atógáil* - Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine i bhfeidhm ar fud na gcúig philéar an Phlean Gníomhaíochta agus tacaíonn an buiséad ioncaim do sheirbhísí a sholáthar faoi na cúig cholún seo a leanas:

- Colún 1 - Ag dul i ngleic le hEaspa Dídine
- Colún 2 - Dlús a chur le Tithíocht Shóisialta
- Colún 3 - Tuilleadh Tithe a Thógáil
- Colún 4 - An Earnáil Chíosa a Fheabhsú
- Colún 5 - Tithíocht Reatha a Úsáid

BAINISTIÚ AGUS COTHABHÁIL THITHE AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Tá stoc tithíochta sóisialta na Comhairle ag méadú gach bliain mar gheall ar aonaid bhreise arna gcur ar fáil faoin gclár *Éire a Atógáil*. Chomh maith le haonaid fhéintógtha, áirítear orthu seo Léasanna Fadtéarmacha, éadálacha aon uaire agus seachadadh Cuid V in eastáit príobháideacha. Dá réir sin, beidh bainistíocht, cothabháil agus infhaighteacht seirbhíse bainistíochta eastáit fhreagrúil ríthábhachtach chun pobail inbhuanaithe a thógáil.

Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall bainistíocht agus cothabháil ar bhreis agus 5,600 teach (lena n-áirítear 78 teach don lucht siúil) in 2020 agus meastar go mbeidh orainn déileáil le 12,00 iarratas cothabhála. In 2020, déanfaimid seirbhísiú ar thart ar 5,000 suiteáil téimh tí, lena n-áirítear coirí gáis agus ola agus córais téite inathnuaithe laistigh den stoc nua.

Tabharfar tús áite arís in 2020 do thithe neamhshealbhaithe a dheisiú agus a ligean amach agus meastar go mbeidh, ar an meán, thart ar 99% dár dtithe Comhairle áitithe ag am ar bith le linn 2020.

Tá airgead suntasach curtha ar leataobh le haghaidh an Chláir Caipitiúil Oibreacha ar stoc tithíochta a mhaoiniú in 2020.

Tá sé ar intinn ag an gComhairle tabhairt faoi obair cothabhála choisctheach agus roinnt oibreacha siúinéireachta i suas le 700 teach le linn 2020. Tá an Clár chun Fuinneoga agus Doirse a Athsholáthar curtha i gcrích i in aonaid aonghlóinthe in áitribh atá ann cheana agus cuirfear tús le clár eile le linn 2020 le haghaidh tithe a tógadh i ndiaidh 1996, nuair is gá.

Leanfar le clár pleanáilte le haghaidh athsholáthar córais téimh lárnaigh agus/nó coirí i stoc níos sine le linn 2019 i gcomhréir le tiomantas na Comhairle faoin bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide. Leanfar le hobair chun a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin tithíochta.

BAINISTÍOCHT EASTÁIT

Leanfaimid de Chúrsaí Ionduchtaithe do Thionóntaí a reáchtáil le haghaidh tionóntaí nua uile de chuid na Comhairle agus tabharfaimid spreagadh do thionóntaí uile Comhairle glacadh le ról gníomhach maidir le coinneáil agus cothabháil a n-eastát. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le gníomhaireachtaí eile ar mhaithe le hiompar frithshóisialta inár n-eastáit a chosc, a laghdú agus a dhíothú. Sa chás gur féidir, féachfaimid le hoibreacha a dhéanamh chun eastáit a fheabhsú, chun go maolófar ar iompar frithshóisialta. Féadfaidh ráillí a chur in airde, nó lánaí a dhúnadh, graifítí a bhaint as nó crainn a chur a bheith i gceist leis sin. Tá €250,000 curtha ar leataobh chun na bearta seo a chur i gcrích.

CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Ní mór do Chomhairle Contae Fhine Gall an Cháin Mhaoine Áitiúil a íoc ar gach aonad tithíochta sóisialta atá aici. Tá gach ceann d'aonaid tithíochta na Comhairle i mBanda Luachála 1, is é sin €0 - €100,000. Tá íocaíocht na bliana seo chugainn dlite an 1 Eanáir 2020 agus íocfar ina dtráthchodanna míosúla i rith na bliana é. Tá €385,000 curtha ar fáil chun an Cháin Mhaoine Áitiúil a íoc in 2020.

SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ag obair le hÚdarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus le Feidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean chun an beartas reatha a chur chun feidhme agus oibreoidh sí i dtreo na cuspóirí do dhaoine gan dídean atá leagtha amach sa chlár *Éire a Atógáil*.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i bhFhine Gall in 2019 ó thaobh cabhrú le teaghlaigh agus daoine aonair gan dídean teach a aimsiú. Leanfar leis an obair sin in 2020. Táthar ag súil go dtabharfar áiteanna cónaithe do bhreis agus 500 líon tí le linn 2020 trí thacaíocht tithíochta sóisialta a chur ar fáil lena n-áirítear Scéim Phíolótach na hÍocaíocht Cúnaimh Tithíochta do dhaoine gan dídean i Réigiún Bhaile Átha Cliath.

Leanfar le Seirbhísí Tacaíochta a sholáthar d'iarrthóirí gan dídean nuair a ghlacann siad le tionóntacht trí sheirbhísí tacaíochta éagsúla do thionóntaí, amhail 'Support to Live Independently' (SLÍ) arna fheidhmiú ag Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath, Clár Focus Ireland um Chothú Tionóntachtaí agus HAIL (Housing Association for Integrated Living). Leithdháiltear tionóntachtaí for-rochtana freisin d'iarrthóirí gan dídean agus d'iarrthóirí leochaileacha i gcomhpháirtíocht leis an gComhlachas Tithíochta, Iontaobhas Peter McVerry Trust, Anew agus Novas.

Leanann an fhoireann a bhíonn ag plé leo siúd gan dídean leis an gcomhaireamh leathbhliantúil a dhéanamh ar na daoine a bhíonn ag codladh amuigh, faoi stiúir Feidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean.

Leanfar leis na clinicí seachtainiúla a reáchtáil i gcomhpháirtíocht le Threshold. Bíonn Threshold ag obair chun tionóntachtaí a chosaint agus a choinneáil trí fhaisnéis a chur ar fáil dóibh siúd atá i gcontúirt a dteach a chailleadh i mBaile Átha Cliath agus trí oibriú i ndlúthchomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí freisin. Tá seirbhís saorfóin ag Threshold (1800 454 454) freisin.

Is seirbhís chomhroinnte é Feidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean atá á fheidhmiú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar phríomhúdarás reachtúil i Réigiún Bhaile Átha Cliath chun an freagra réigiúnach ar fhadhb an easpa dídine a chomhordú. Tá €2.5m curtha ar fáil don tseirbhís seo in 2019.

AN ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA

Is príomhthosaíocht don Rialtas é an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a chur i bhfeidhm. Ó tugadh isteach an scéim ar an 1 Márta 2017, tá 2,834 tionóntacht, lena n-áirítear ÍCT do Dhaoine gan Dídean, curtha i bhfeidhm go deireadh mhí Mheán Fómhair 2019. Leanfaidh an fhoireann ÍCT de bheith ag cabhrú le hiarrthóirí socruithe tionóntachta ÍCT a chur i bhfeidhm i rith 2020.

CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Deimhníodh le Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh den Lucht Siúil 2018 go bhfuil 509 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí i bhFine Gall. Ghlac an Chomhairle leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2023 in 2019.

Chomh maith le cistiú caipitil, tá €200,000 curtha ar fáil d'Oibreacha Feabhsúcháin in Eastáit den Lucht Siúil.

SCÉIMEANNA LÉASAITHE

Agus fachtóirí margaidh á bhforbairt, is dúshlánach i gcónaí maoin a thabhairt ar léas. Beidh na scéimeanna seo a leanas ina bhfoinsí tábhachtacha tithíochta sóisialta arís in 2020: Léasanna Fadtéarmacha, Athchóirigh & Léasaigh agus an Scéim Cóiríochta Cíos (SCC). Faoi láthair, tá 815 teach amuigh ar léas ag an gComhairle faoi na scéimeanna sin.

COMHLACHTAÍ TITHÍOCHTA CEADAITHE

Tá ról tábhachtach i gcónaí ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ó thaobh tithíochta sóisialta a sholáthar agus leanann an Chomhairle de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leo chun an soláthar a mhéadú trí Shaoráid Léasúcháin Airleacain Caipitil, tríd an Scéim Cíos in Ionad Morgáiste agus tríd an Scéim Cúnaimh Caipitil.

Beidh tógáil agus léasú tithe nua, le hairgeadas príobháideach agus le Comhaontuithe Íocaíochta agus Infhaighteachta, ina gcuid lárnach de sholáthar tithíochta sóisialta a mhéadú do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Tá méadú €9m curtha ar fáil le haghaidh 2020 agus úsáidfear €7m den mhéid sin chun cabhrú le 400 teach breise a sholáthar.

Anuas air sin, oibreoidh an Chomhairle as lámha a chéile le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, sa chás gur cuí, chun ligean dóibh tithe príobháideacha atá nuathógtha a cheannach nó a léasú trí leas a bhaint as Cuid V.

Leanann an Chomhairle ag léasú tithe inacmhainne neamhdhíolta do na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe de réir Chiorclán AHS/1/2009. Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tar éis grúpa oibre inmheánaigh a bhunú chun breithniú a dheanamh ar straitéis fadtéarmach i leith tithe inacmhainne neamhdhíolta.

CÍOSANNA DIFREÁLACHA

Faoi Scéim Cíosanna Difreálacha na Comhairle, ríomhtar cíosanna do thithe de chuid na Comhairle mar chion (12%) de ghlanioncam inmheasúnaithe. Tá an Chomhairle ag súil le hioncam €17.9m ó thithe atá ar cíos ón údarás áitiúil in 2020.

IASACHTAÍ TÍ

Riarann Rannóg na nIasachtaí scéim na n-iasachtaí chun tithe a cheannach agus tá 1,599 cuntas iasachta gníomhacha á mbainistiú aici, a bhfuil luach de réir na leabhar €136m acu (deireadh Mheán Fómhair 2019). Táthar ag súil le hioncam úis ó iasachtaí arb ionann é agus €3.6m in 2020.

Tugadh isteach lasacht Baile *Éire a Atógáil* ar an 1 Feabhra 2018 agus tá an-tóir uirthi ar fud na tíre. Go dtí seo (deireadh mhí Mheán Fómhair 2018), fuarthas 375 iarratas san iomlán le 154 iasacht ceadaithe sa fhráma ama seo agus os cionn 30 iasacht a tarraingíodh anuas go dtí seo, ar luach €6.5m. Faoi láthair tá 80 iarrthóir ceadaithe ag an gcéim 'díolachán arna chomhaontú'.

Riarann Rannán na nIasachtaí freisin riaráistí iasachtaí de réir an Phróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste. Is féidir leo siúd a bhfuil iasacht tógtha amach acu agus atá i gcruachás airgeadais iarratas a dhéanamh a n-íocaíocht morgáiste mhíosúil a athsceidealú go ceann tréimhse faoi leith. Is ionann céatadán d'iasachtaí comhlíontacha (nach bhfuil i riaráistí) agus 82%.

Tá an Scéim Cheannaigh do thionóntaí (Incriminteach) 2016 ar fáil do thionóntaí incháilithe atá ina gcónaí i maoin de chuid na Comhairle. Go dtí seo (deireadh mhí Mheán Fómhair 2019) tá 45 tionónta tar éis leas a bhaint as an scéim seo.

DEONTAS OIRIÚNAITHE TÍ DO DHAOINE BREACAOSTA AGUS DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Tá trí Scéim na nDeontas Oiriúnaithe Tí ann do Dhaoine Breacaosta agus Daoine faoi Mhíchumas a bhfuil cónaí orthu i dteach príobháideach. Tháinig siad i bhfeidhm i mí na Samhna 2007 agus rinneadh leasú orthu le rialacháin i mí Feabhra 2014.

Tagann na Scéimeanna faoi réir tástála acmhainne agus athraíonn leibhéal na ndeontas ag brath ar bhandaí ioncaim. Ceadaíodh 243 iarratas ar dheontas roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2018. Tá €3.38m curtha ar fáil i mBuiséad 2020 do Dheontais Oiriúnaithe Tí.

INIÚCHTAÍ AR RÉADMHAOINE PRÍOBHÁIDEACHA AR CÍOS

Tá feidhm reachtúil ag an gComhairle chun iniúchtaí a dhéanamh ar Réadmhaoine Príobháideacha ar Cíos laistigh dá limistéar riaracháin.

I mí Feabhra 2018, d'eisigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil spriocanna chuig na húdaráis áitiúla ar fad maidir le hIniúchtaí ar Réadmhaoine Príobháideacha arna ndéanamh ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil in éineacht lena Straitéis don Earnáil Phríobháideach Cíosa - cuid thábhachtach den chlár *Éire a Atógáil*. Is í an aidhm atá leis ná an meánráta náisiúnta d'iniúchtaí a mhéadú ó 6% go 25% de réadmhaoine cláraithe ar cíos faoi 2021. Tá na spriocanna bunaithe ar chéatadán na tionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe; ba ionann an líon sin agus 21,034 i limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall ag deireadh 2018.

Is iad seo a leanas na spriocanna bliantúla:

2018 (10%)	2019 (15%)	2020 (20%)	2021 (25%)
2,072	3,155	4,207	5,259

Tá buiséad €897,900 curtha ar leataobh chun na críche sin in 2020.

COSTAIS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Tá cionroinnt costas agus forchostas riarachán ginearálta i gceist le gach rannán nach bhfuil inghearrtha go díreach ar rannán faoi leith. Grúpáiltear na costas mar 'chostais tacaíochta seirbhíse' agus áirítear leo costas chóiríocht oifige, tuarastail nach bhfuil inghearrtha go díreach ar rannán faoi leith, pinsin, scor, aiscí, seirbhísí ríomhaireachta, speansais dlí, postas, teileafón, priontáil, stáiseanóireacht agus fógraíocht.


Leithdháileadh na forchostais sin ar Rannáin agus Seirbhísí ar bhonn spreagthaí costas náisiúnta.

A – Tithíocht & Foirgníocht

Caiteachas


A01	Cothabháil & Feabhsúcháin Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil	€11,265,300
A02	Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta	€1,744,000
A03	Riarachán um Chíos Tithíochta agus Ceannacháin Tionóntaí	€1,875,600
A04	Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta	€2,331,500
A05	Riaradh na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean	€3,208,700
A06	Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíocht	€9,204,100
A07	SCC & Clár Léasaithe	€32,576,800
A08	Iasachtaí Tithíochta	€5,355,200
A09	Deontais Tithíochta	€3,954,500
A11	Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	€1,529,000
A12	Clár ÍCT	€563,000

€73,607,700



Ioncam

Deontais na Roinne Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil (lena n-áirítear Deontais & Fóirdheontais Eile)	€40,287,000
Cíos ó thithe	€22,580,600
Ús agus Táillí ó Iasachtaí Tithíochta	€3,602,900
Ioncam Eile	€1,019,000
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	€310,000
Aoisliúntas	€282,500
	€68,082,000



Tábla F - Caiteachas				
Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
A0101 Cothabháil Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil	7,602,000	7,602,000	7,223,700	7,836,400
A0102 Cothabháil Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil	1,115,600	1,115,600	704,700	1,209,500
A0103 Bainistíocht Cóiríochta don Lucht Siúil	965,300	965,300	1,349,600	1,288,500
A0104 Cothabháil Eastáit	-	-	-	-
A0199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	1,582,400	1,582,400	1,814,600	1,809,200
A01 Cothabháil Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil	11,265,300	11,265,300	11,092,600	12,143,600
A0201 Measúnú ar Riachtanais Tithíochta, Leithdháiltí & Aistrithe	921,000	921,000	645,100	842,300
A0299 Costais Seirbhísí Tacaíochta	823,000	823,000	705,500	709,900
A02 Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta	1,744,000	1,744,000	1,350,600	1,552,200
A0301 Rátaí Seirbhíse um Bainistiú Fiachais & Measúnú Ciosa	951,100	951,100	935,900	925,900
A0399 Costais Seirbhísí Tacaíochta	924,500	924,500	932,000	939,200
A03 Cíos Tithíochta agus Riaradh Cheannach ag Tionótaí	1,875,600	1,875,600	1,867,900	1,865,100
A0401 Bainistíocht Eastát Tithíochta	1,064,800	1,064,800	924,500	932,700
A0402 Bainistíocht Tionóntachtaí	442,300	442,300	429,500	370,300
An tSeirbhís Tithíochta Sóisialta agus Pobail	-	-	-	-
A0499 Costais Seirbhísí Tacaíochta	824,400	824,400	625,400	628,300
A04 Tacaíocht d'Fhorbairt Phobal Tithíochta	2,331,500	2,331,500	1,979,400	1,931,300
Deontais do Dhaoine gan Dídean Comhlachtaí Eile	2,856,900	2,856,900	2,976,600	2,872,600
A0502 Seirbhís do Dhaoine gan Dídean	-	-	-	-
A0599 Costais Seirbhísí Tacaíochta	351,800	351,800	433,900	436,600
A05 Riaradh na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean	3,208,700	3,208,700	3,410,500	3,309,200
A0601 Tacaíocht Theicniúil agus Riaracháin	2,483,100	2,483,100	2,389,100	2,182,100
A0602 Táillí Iasachta	5,065,900	5,065,900	5,057,100	5,044,500
A0699 Costais Seirbhísí Tacaíochta	1,655,100	1,655,100	1,198,900	1,199,800
A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíocht	9,204,100	9,204,100	8,645,100	8,426,400
A0701 Oibríochtaí SCC	9,876,000	9,876,000	10,017,000	9,886,500
A0702 Léasú Fadtréimhseach	3,370,500	3,370,500	2,141,000	2,842,500
A0703 Íocaíocht & Infhaighteacht	16,427,500	16,427,500	7,053,200	7,723,300
A0704 Léasanna Inacmhainne	1,313,800	1,313,800	3,844,000	3,590,100
A0799 Costais Seirbhísí Tacaíochta	1,589,000	1,589,000	1,981,200	1,876,800
A07 SCC & Clár Léasaithe	32,576,800	32,576,800	25,036,400	25,919,200
A0801 Ús ar Iasachtaí agus Muirir Eile	4,452,600	4,452,600	4,372,100	3,878,100
A0802 Bainistíocht Fiachais Iasachtaí Tithíochta	172,200	172,200	208,300	179,800
A0899 Costais Seirbhísí Tacaíochta	730,400	730,400	807,100	782,800
A08 Iasachtaí Tithíochta	5,355,200	5,355,200	5,387,500	4,840,700

Tábla F - Caiteachas				
Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
A0901 Scéim Deontais Oiriúnaithe Tí	3,002,900	3,002,900	2,789,400	3,013,200
A0902 Muirir Iasachta DPG/ERG	-	-	-	-
A0903 Deontais Deisiúchán Riachtanach	442,900	442,900	382,200	444,100
A0904 Íocaíochtaí Eile Deontas Tithíochta	-	-	-	-
A0905 Deontas Tithíochta Áiseanna Soghluaisteachta	200,000	200,000	150,000	200,000
A0999 Costais Seirbhísí Tacaíochta	308,700	308,700	296,900	304,600
A09 Deontais Tithíochta	3,954,500	3,954,500	3,618,500	3,961,900
A1101 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	1,347,900	1,347,900	932,200	1,233,300
A1199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	181,100	181,100	33,900	31,600
A11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	1,529,000	1,529,000	966,100	1,264,900
A1201 Costais Oibriúcháin HAP	-	-	-	-
A1202 Seirbhísí Gníomhaireachta HAP	-	-	-	-
A1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse HAP	563,000	563,000	749,700	482,400
A12 Clár HAP	563,000	563,000	749,700	482,400
Iomlán Rannán A	73,607,700	73,607,700	64,104,300	65,696,900

Tábla F - Ioncam				
Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht				
Ioncam de réir Foinse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach	Glactha ag an gComhairle	Olltoradh Measta
		€		€
Deontais ón Rialtais				
Tithíocht, Pleanáil & Rialtas Áitiúil	40,287,000	40,287,000	28,455,300	30,477,700
Eile	-	-	-	-
Iomlán Deontas Rialtais	40,287,000	40,287,000	28,455,300	30,477,700
Earraí & Seirbhísí				
Cíos ó thithe	22,580,600	22,580,600	21,510,000	21,863,000
Ús agus Táillí ó Iasachtaí Tithíochta	3,602,900	3,602,900	3,576,500	3,101,600
Aoisliúntas	282,500	282,500	274,400	275,200
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíochta	-	-	-	-
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	310,000	310,000	350,000	314,100
Ioncam eile	1,019,000	1,019,000	846,300	1,028,400
Iomlán na nEarraí & Seirbhísí	27,795,000	27,795,000	26,557,200	26,582,300
Iomlán Rannán 'A'	68,082,000	68,082,000	55,012,500	57,060,000

Rannán B

IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS BÓITHRE ÁITIÚLA A CHOTHABHÁIL

Tá clár leanúnach cothabhála ginearálta agus feabhsúcháin ar na 1,275 ciliméadar de bhóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla sa Chontae. Áirítear leis sin obair dheisiúcháin ar sclaigeanna, cosáin, glanadh silteán, comharthaí bóthair agus ainmchláir a chothabháil agus a athsholáthar, gearradh féir, bearradh ciumhaise, agus marcálacha agus rianóirí bóthair a athnuachan.

CLÁR ATHCHÓIRITHE DO BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS BÓITHRE ÁITIÚLA

Cuireadh €3.9m ar fáil in 2020 ón Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúla chun íoc as clár le haghaidh oibreacha atógála bóithre, oibreacha athchóirithe dromchla agus cóiríú dromchla.

SÁBHÁILTEACHT TRÁCHTA / SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Leagtar amach sa Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2017-2020 tiomantas Chomhairle Contae Fhine Gall chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar fud an Chontae. Cuirtear é seo i bhfeidhm trí bhearta mar oideachas, innealtóireacht agus meastóireacht. Áirítear leis sin an t-athbhreithniú ar theorainneacha luais a chur i bhfeidhm in 2020 ar fud roinnt suíomhanna i ngach toghlimistéar.

Fostaítear maoir scoile ag 98 crosaire scoile. In 2020, leanfar le hoiliúint agus oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.

SOILSIÚ POIBLÍ

Táimid ag súil le €4.64m a chaitheamh ar níos mó ná 32,000 solas poiblí a chothabháil i bhFhine Gall in 2020, lena n-áirítear soláthar fuinnimh do 2,400 solas agus soilsiú bealaigh tráchta ar na príomhbhóithre náisiúnta M1, M2 agus N3. Áirítear san fhigiúr thuasluaite €120,200 atá le caitheamh ar mhionoibreacha soilsithe poiblí.

Tá €2.4m curtha ar fáil sa chuntas caipitil chun luas a chur faoin gClár Athsholáthair Soilsithe Poiblí atá Tíosach ar Fhuinneamh.

PÁIRCEÁIL – SCÉIMEANNA ÍOC & TAISPEÁIN


Táimid ag súil le hioncam glan €1.07m a thabhairt isteach ó na scéimeanna Íoc & Taispeáin arna bhfeidhmiú ag an gComhairle in 2020 nuair a bheidh na forchostais ar fad curtha san áireamh.

Tá an Clár Oibreacha Oibríochtúla do 2020 léirithe sna figiúirí thuasluaite freisin (bóithre, cosáin, trácht agus soilsiú poiblí). Cuirfear an clár caiteachais ar leith ar ais chuig gach coiste ceantair lena gceadú ag Comhaltaí na Comhairle go luath in 2020.

B – Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre


Caiteachas

B03	Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsúchán	€7,758,200
B04	Bóithre Áitiúla - Cothabháil agus Feabhsúchán	€7,886,900
B05	Soilsiú Poiblí	€4,988,800
B06	Feabhsú Bainistíochta Tráchtá	€2,932,100
B08	Cur Chun Cinn & Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre	€1,897,300
B09	Páirceáil	€916,900
B10	Tacaíocht do Chlár Caipitil na mBóithre	€1,826,700
B11	Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	€502,800
		<hr/>
		€28,709,700



Ioncam

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	€3,914,400
BlÉ Bonneagar Iompair Éireann & Deontais Eile	€451,000
Fíneálacha & Muirir Páirceála	€1,730,000
Ioncam Eile (lena n-áirítear Ranníocaíochtaí Údaráis)	€617,900
Aoisliúntas	€ 274,700
	<hr/>
	€ 6,988,000



Tábla F - Caiteachas				
Rannán B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
B0101 Príomhbhóithre Náisiúnta - Cóiríú Dromchla	-	-	-	-
B0102 Príomhbhóithre Náisiúnta - Forleagan/Atógáil Cosán	-	-	-	-
B0103 Príomhbhóithre Náisiúnta - Cothabháil Gheimhridh	-	-	-	-
B0104 Príomhbhóithre Náisiúnta - Cothabháil Droichead (Eirspan)	-	-	-	-
B0105 Príomhbhóithre Náisiúnta - Cothabháil Ghinearálta	-	-	-	-
B0106 Príomhbhóithre Náisiúnta - Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin	-	-	-	-
B0199 Costais Seirbhíse Tacaíochta	-	-	-	-
B01 Bóithre Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú	-	-	-	-
B0201 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cóiríú Dromchla	-	-	-	-
B0202 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Forleagan/Atógáil Cosán	-	-	-	-
B0203 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Forleagan/Atógáil – Uirbeach	-	-	-	-
B0204 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil Gheimhridh	-	-	-	-
B0205 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil Droichead (Eirspan)	-	-	-	-
B0206 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil Ghinearálta	-	-	-	-
B0207 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin	-	-	-	-
B0299 Costais Seirbhíse Tacaíochta	-	-	-	-
B02 Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú	-	-	-	-
B0301 Bóithre Réigiúnacha Cóiríú Dromchla	80,400	80,400	78,000	111,400
B0302 Bóithre Réigiúnacha Athchóiríú Dromchla/Atógáil/Forleagan	2,068,000	2,068,000	2,068,000	1,132,000
B0303 Bóithre Réigiúnacha Cóiríú Dromchla	196,500	196,500	100,100	200,100
B0304 Bóithre Réigiúnacha Cóiríú Dromchla	75,000	75,000	100,000	100,000
B0305 Bóithre Réigiúnacha Cóiríú Dromchla Oibreacha	3,549,100	3,549,100	3,303,400	3,637,100
B0306 Bóithre Réigiúnacha Cóiríú Dromchla Oibreacha	-	-	-	-
B0399 Costais Seirbhíse Tacaíochta	1,789,200	1,789,200	1,894,400	1,717,300
B03 Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú	7,758,200	7,758,200	7,543,900	6,897,900
B0401 Bóithre Áitiúla - Cóiríú Dromchla	170,400	170,400	165,000	405,600
B0402 Bóithre Áitiúla - Athchóiríú Dromchla/Atógáil/Forleagan	1,296,000	1,296,000	1,296,000	2,820,000
B0403 Bóithre Áitiúla - Cothabháil Gheimhridh	213,200	213,200	212,400	232,100
B0404 Bóithre Áitiúla - Cóiríú Droichid	30,300	30,300	32,200	31,200
B0405 Bóithre Áitiúla - Oibreacha Cothabhála Ginearálta	4,341,000	4,341,000	4,333,500	4,541,500
B0406 Bóithre Áitiúla - Oibreacha Feabhsúcháin Ginearálta	-	-	-	-
B0499 Costais Seirbhíse Tacaíochta	1,836,000	1,836,000	2,095,800	1,945,700
B04 Bóithre Áitiúla - Cothabháil agus Feabhsú	7,886,900	7,886,900	8,134,900	9,976,100
B0501 Costais Oibriúcháin Soilsiú Poiblí	3,853,000	3,853,000	3,572,700	3,859,700
B0502 Soilsiú Poiblí a Fheabhsú	787,300	787,300	798,200	790,400
B0599 Costais Seirbhíse Tacaíochta	348,500	348,500	374,100	369,800
B05 Soilsiú Poiblí	4,988,800	4,988,800	4,745,000	5,019,900

Tábla F - Caiteachas				
Rannán B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
B0601 Bainistíocht Tráchta	10,000	10,000	-	10,000
B0602 Bainistíocht Tráchta	1,551,500	1,551,500	1,495,700	1,554,800
B0603 Bearta Feabhsúcháin Tráchta	3,500	3,500	2,300	33,500
B0699 Costais Seirbhísí Tacaíochta	1,367,100	1,367,100	1,071,900	1,146,900
B06 Feabhsú Bainistíochta Tráchta	2,932,100	2,932,100	2,569,900	2,745,200
B0701 Bearta Leasúcháin ar Chostas Íseal	-	-	-	-
B0702 Feabhsúcháin Eile Innealtóireachta	-	-	-	-
B0799 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
B07 Feabhsúcháin Innealtóireachta Sábháilteachta ar Bhóithre	-	-	-	-
B0801 Maoir Scoile	867,900	867,900	858,100	874,300
B0802 Sábháilteacht ar Bhóithre - Poiblíocht agus Promóisean	61,000	61,000	52,300	48,500
B0899 Costais Seirbhísí Tacaíochta	968,400	968,400	534,200	528,200
B08 Cur Chun Cinn & Oideachas - Sábháilteachta ar Bhóithre	1,897,300	1,897,300	1,444,600	1,451,000
B0901 Cothabháil agus Bainistíocht Carrchlós	-	-	-	-
B0902 Feidhmiú Páirceáil Sráide	662,300	662,300	659,100	663,800
B0903 Forfheidhmiú Páirceála	150,000	-	-	-
B0999 Costais Seirbhísí Tacaíochta	104,600	104,600	138,600	131,100
B09 Páirceáil	916,900	766,900	797,700	794,900
B1001 Riaradh Chlár Caipitil na mBóithre	1,010,200	1,010,200	1,094,900	972,700
B1099 Costais Seirbhísí Tacaíochta	816,500	816,500	556,700	559,300
B10 Tacaíocht don Chlár Caipitil na mBóithre	1,826,700	1,826,700	1,651,600	1,532,000
B1101 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	70,000	70,000	-	70,000
B1199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	432,800	432,800	422,400	495,200
B11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	502,800	502,800	422,400	565,200
Iomlán Rannán B	28,709,700	28,559,700	27,310,000	28,982,200

Tábla F - Ioncam

Rannán B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre

Ioncam de réir Foinse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
Deontais Rialtais				
Tithíocht, Pleanáil & Rialtas Áitiúil	3,914,400	3,914,400	3,914,400	3,914,400
Blé Bonneagar Iompair Éireann	435,000	435,000	435,000	435,000
Cultúr, Oidhreacht & Gaeltacht	-	-	-	-
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	-	-	-	-
Iompar, Turasóireacht & Spórt	16,000	16,000	10,000	16,000
Eile	-	-	12,000	-
Iomlán Deontas Rialtais	4,365,400	4,365,400	4,371,400	4,365,400
Earraí & Seirbhísí				
Fíneálacha & Muirir Páirceála	1,730,000	1,730,000	1,655,000	1,660,000
Aoisliúntas	274,700	274,700	241,800	242,400
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíochta	-	-	41,000	-
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	500	500	1,000	-
Ioncam eile	617,400	617,400	620,500	1,888,900
Iomlán na nEarraí & Seirbhísí	2,622,600	2,622,600	2,559,300	3,791,300
Iomlán Rannán 'B'	6,988,000	6,988,000	6,930,700	8,156,700

Rannán C SEIRBHÍSÍ UISCE

UISCE ÉIREANN

Ghlac Uisce Éireann (UÉ) freagracht as seirbhísí uisce poiblí a oibriú, lena n-áirítear uisce a chóireáil agus a sholáthar agus seirbhísí dramhuisce (séarach bréan) a chur ar fáil do thithe agus do ghnólachtaí ón 1 Eanáir 2014.

Leanann Údarás Áitiúla de sheirbhísí uisce a chur ar fáil thar ceann UÉ i gcomhréir le Comhaontú Seirbhíse 12 bhliain, prótacail chomhaontaithe agus Plean Seirbhíse Bliantúil mionsonraithe a dhéanann gníomhaíochtaí oibríochtúla agus buiséid a nascadh.

FORÁLACHA BUISÉID

Tá sé ina cuid dhílis den chaibidlíocht a dhéantar idir Comhairle Contae Fhine Gall agus UÉ maidir leis an bPlean Seirbhíse Bliantúil buiséad bliantúil a fhorbairt.

Faoin gComhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann, leanfaidh an Chomhairle de chostais Phárolla agus costais an Mhuirir Lárbhainistíochta a íoc. Déanann an Chomhairle na costais sin a fhorchúiteamh ó UÉ ar bhonn míosúil.


SEIRBHÍSÍ SOLÁTHAIR UISCE & DRAMHUISCE

Tá na seirbhísí soláthair uisce agus dramhuisce i gceantar Fhine Gall ag leanúint ar aghaidh ar bhonn “gnó mar is gnách”. Tá sé de chúram fós ar an gComhairle déileáil le huisce dromchla.

C – Seirbhísí Uisce


Caiteachas

C01	Soláthar Uisce	€10,449,300
C02	Cóireáil Dramhuisce	€6,238,100
C04	Leithris Phoiblí	€283,500
C05	Riaradh an Ghrúpa & Suiteálacha Priobháideacha	€8,200
C06	Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce	€734,400
C08	Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil	€8 3 7, 1 0
		€18,550,600



Ioncam

Deontais DHPLG	€2,366,100
Uisce Éireann	€14,714,900
Aoisliúntas	€362,900
Ioncam Eile	€1 6 5, 7 0 0
	€17,609,600



Tábla F - Caiteachas				
Rannán C - Seirbhísí Uisce				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
C0101 Líonraí & Gléasra Uisce	7,917,700	7,917,700	7,955,100	7,485,800
C0199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	2,531,600	2,531,600	2,733,200	2,727,100
C01 Soláthar Uisce	10,449,300	10,449,300	10,688,300	10,212,900
C0201 Gléasra agus Líonraí Dramhaíola	4,305,000	4,305,000	4,269,500	4,027,300
C0299 Costais Seirbhísí Tacaíochta	1,933,100	1,933,100	2,003,000	1,996,700
C02 Cóireáil Dramhuisce	6,238,100	6,238,100	6,272,500	6,024,000
C0301 Bainistiú Fiachais Uisce agus Dramhuisce	-	-	-	-
C0399 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
C03 Bailiú Uisce agus Muirir Dramhuisce	-	-	-	-
C0401 Oibriú agus Cothabháil Leithreas Poiblí	215,200	215,200	230,300	227,000
C0499 Costais Seirbhísí Tacaíochta	68,300	68,300	122,900	120,100
C04 Leithris Phoiblí	283,500	283,500	353,200	347,100
C0501 Deontais le haghaidh Suiteálacha Aonair	8,200	8,200	7,200	11,000
C0502 Deontais le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce	-	-	-	-
C0503 Deontais le haghaidh Grúpscéimeanna Dramhuisce	-	-	-	-
C0504 Fóirdheontais Grúpscéime Uisce	-	-	-	-
C0599 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
C05 Riaradh Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha	8,200	8,200	7,200	11,000
C0601 Dearadh agus Maoirseacht Teicniúil	457,900	457,900	166,500	452,500
C0699 Costais Seirbhísí Tacaíochta	276,500	276,500	522,600	523,700
C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce	734,400	734,400	689,100	976,200
C0701 Seirbhís Ghníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	2,000	-
C0799 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	3,600	3,300
C07 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	5,600	3,300
C0801 Seirbhísí Uisce an Údaráis Áitiúil	40,100	40,100	87,100	49,800
C0802 Seirbhísí Sláintíochta an Údaráis Áitiúil	574,400	574,400	1,686,300	1,557,700
C0899 Costais Seirbhísí Tacaíochta an Údaráis Áitiúil	222,600	222,600	191,100	188,800
C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil	837,100	837,100	1,964,500	1,796,300
Iomlán Rannán C	18,550,600	18,550,600	19,980,400	19,370,800

Tábla F - Ioncam				
Rannán C - Seirbhísí Uisce				
Ioncam de réir Foinse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
Deontais Rialtais				
Tithíocht, Pleanáil & Rialtas Áitiúil	2,366,100	2,366,100	2,341,200	2,363,400
Eile	-	-	-	-
Iomlán Deontas Rialtais	2,366,100	2,366,100	2,341,200	2,363,400
Earraí & Seirbhísí				
Uisce Éireann	14,714,900	14,714,900	14,979,400	14,520,900
Aoisliúntas	362,900	362,900	363,000	364,100
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha	-	-	-	-
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	-	-	-	-
Ioncam eile	165,700	165,700	147,000	238,700
Iomlán na nEarraí & Seirbhísí	15,243,500	15,243,500	15,489,400	15,123,700
Iomlán Rannán 'C'	17,609,600	17,609,600	17,830,600	17,487,100

Rannán D

BAINISTÍOCHT FORBARTHA

PLEANÁIL STRAITÉISEACH

Tá líon mór iarratas pleanála á chur isteach i gcónaí agus, bunaithe ar threochtaí reatha, meastar go mbeidh líon na n-iarratas suas le 1,400 faoi dheireadh na bliana. Tá 4 Fhorbairt Straitéiseacha Tithíochta faoi bhreithniú faoi láthair (a chuirfeadh 887 aonad ar fáil). Tá obair ar siúl ar fud na tíre maidir le tairseach náisiúnta ar líne pleanála a thabhairt isteach. Nuair a chuirfear i bhfeidhm é, beidh modh nua oibre ag an Rannóg Pleanála & Bonneagair Straitéisigh agus beidh soláthar seirbhíse níos fearr ann dá bharr sin.

Glacadh le Scéim do Ranníocaíocht Forbartha na Comhairle 2016-2020 ar an 14 Nollaig 2015 agus cuirtear i bhfeidhm í ar fud an Chontae. Tugtar cuntas ar gach tobhach a chuirtear i bhfeidhm agus a bhailítear, agus caitear iad, ar bhonn uile-chontae ar bhonneagar poiblí agus áiseanna a théann chun leasa gach cuid den Chontae. Tháinig an Scéim i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2016 agus rachaidh sí in éag ar an 31 Nollaig 2020. Tá tús curtha leis an gcleachtas faoina ndéanfar athbhreithniú ar an Scéim i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla eile.

PLEAN FORBARTHA FHINE GALL 2017 – 2023

Glacadh le Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 ar an 16 Feabhra 2017. Leagtar amach sa Phlean Forbartha na beartais agus cuspóirí a mholann an Chomhairle i dtaca le forbairt an Chontae thar thréimhse an Phlean. Is é aidhm an Phlean Forbartha sócmhainní sóisialta, sócmhainní eacnamaíocha, sócmhainní comhshaoil agus sócmhainní cultúrtha an Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú ar bhonn inbhuanaithe.

PLEANÁIL AR AGHAIDH

Sainithnítear líon suntasach Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna, Creatphleananna Uirbeacha, Staidéir agus Tionscadail eile i bPlean Forbartha Chontae Fhine Gall 2017-2023. Tá idir thionscadail mhóra, amhail Pleananna Ceantair Áitiúil straitéiseacha, agus phleananna agus staidéir níos logánta ann. Tá saincheisteanna casta le cur san áireamh maidir le go leor de na tionscadail, agus beidh gá measúnuithe aonair comhshaoil a dhéanamh, lena n-áirítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte. Rinneadh na tionscadail a chur in ord tosaíochta ar aon dul leis na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas don Chomhairle, agus clúdaíonn siad an tréimhse 2017 - 2019 le bheith i gcomhthráth leis an athbhreithniú a dhéanfar i lár an Phlean Forbartha sa bhliain 2020:

- Soláthar tithíochta sa Chontae a mhéadú
- Tacú le fás ó thaobh gheilleagar Fhine Gall, poist a chruthú agus tacaíocht a thabhairt do ghnó
- Tairiscint agus margaíocht turasóireachta sa Chontae a neartú

Cuireadh tús le roinnt tionscadal in 2019, lena n-áirítear:

- Creatphlean Uirbeach Dhomhnach Bat
- Sord Inbhuanaithe
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Cheallaigh
- Plean Ceantair Áitiúil Chnoc an Sciobóil

Tá roinnt tionscadal a tosnaíodh in 2018 fós ar siúl:

- Plean Ceantair Áitiúil Aerfoirt Bhaile Átha Cliath
- Plean Ceantair Áitiúil Halla an Leasáin Thoir
- Máistirphlean Fhearann an Chaisleáin

Déanfar athbhreithniú ar an gclár de réir mar a thagann athrú ar thosaíochtaí. Tá buiséad ar fáil chun saineolas seachtrach a fhostú más gá.

AN CISTE BONNEAGAIR ÁITIÚIL UM SHEACHADADH TITHÍOCHTA A GHNÍOMHACHTÚ & TÓGÁIL 2020

Faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, Éire a Atógáil, bunaíodh an Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú ar fiú €200m é chun maoiniú a chur ar fáil le haghaidh bonneagair a bheidh leordhóthanach chun gníomhachtú luath a chumasú i gcás láithreán tí atá den suíomh agus den scála oiriúnach. I mí Dheireadh Fómhair 2017, cheadaigh an tAire cistiú iomlán ar fiú €26.58 milliún í faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú le haghaidh trí thionscadal i bhFine Gall: Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, An Seanbhaile/Baile na Móna agus Baile Dúill/Steach Póilín. Cuirfidh na Tionscadail faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú bonneagar ar fáil lena n-áirítear bóthar dáileacháin, cosán, raon rothar, uasghrádú ar bhóithre agus acomhail, bainistíocht fheabhsaithe ar thuilte agus uisce dromchla, agus bogaigh agus páirceanna.

Tá talamh ar fáil i mBaile Mastún, Domhnach Bat, le haghaidh forbartha cónaithe agus téann an Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat arna chistiú faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Gníomhachtú agus atá á thógáil faoi láthair agus a bheidh críochnaithe i mí na Nollag 2019, trí lár na talún seo. Tá forbairt tithíochta ina mbeidh meascán tionachta beartaithe don cheantar seo agus tógfar thart ar 1,200 aonad san fhorbairt tithíochta sin. Leanfar ar aghaidh le hoibreacha ar an Mol Áineasa i mBaile Mastún chomh maith. Is cuid lárnach den fhorbairt é an mol seo agus cuirfear 3 scoil ar fáil ann, mar aon le háiseanna spóirt agus áineasa.

Tá Scéim Uasghrádaithe Bhóthar Ráth Béil á tógáil faoi láthair agus cuirfear 1km de bhóthar uasghrádaithe, cosáin agus raonta rothar, agus tóchair bainistíochta tuilte a cheanglóidh lár bhaile Shoird agus limistéir chónaithe seanbhunaithe in iarthar Shoird leis na limistéir chónaithe nua atá á bhforbairt faoi láthair i gceantar Phlean Ceantair Áitiúil an tSeanbhaile/Baile na Móna.

Mar chuid d'iaratas Bhaile Dúill/Steach Póilín, cuireadh scéim uasghrádaithe acomhal Pholl an Bhalla chun cinn le linn 2019 agus fuair Comhairle Contae Fhine Gall ordú ceannaigh éigeantaigh le haghaidh an talún i gceist. Tá tairiscintí faighte le déanaí i ndáil le príomhchonradh oibreacha na scéime seo agus tá na tairiscintí sin á meas faoi láthair agus spriocdháta ceaptha conraitheora beartaithe le haghaidh 2019 agus spriocdháta tosaithe láithreáin beartaithe le haghaidh 2020.

PLEAN OIDHREACHTA

In 2020, leanfaidh an Oifig Oidhreachta den Phlean Oidhreachta (2018-2023) d'Fhine Gall a chur i bhfeidhm agus glacfaidh sí páirt ghníomhach sa Clár 'Éire Chruthaitheach' i bhFine Gall. Leanfaidh an Oifig Oidhreachta de rannpháirtíocht phobail a chur chun cinn trí Straitéis Seandálaíochta Phobal Fhine Gall (2019-2023) a chur i bhfeidhm, chomh maith le cláir nuálacha seandálaíochta pobail amhail na cinn ar tugadh fúthu ag Dún Cinn Tíre Dhroim Meánach agus ag Caisleán Shoird; tionscadal an tsuirbhé geoifisiceach agus Tionscadal Ainmneacha Páirce Fhine Gall. Tá sé mar aidhm ag an obair seo a chinntiú go ndéanaimid oidhrecht shaibhir seandálaíochta, nádúrtha agus cultúrtha Fhine Gall a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun cinn. Leanfaidh an Oifig Oidhreachta de thacaíocht a thabhairt do Sheachtain Oidhreachta agus grúpaí áitiúla oidhreachta chomh maith, tríd an Líonra Oidhreachta Fhine Gall.

FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Tacaíonn an Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta le forbairt chomhordaithe gheilleagrach Fhine Gall trí thionscadail a chuireann le forbairt leanúnach gheilleagrach an Chontae a phleanáil, a thosú agus a bhainistiú. Glacann an Rannóg páirt i margaíocht agus cur chun cinn páirceanna tionsclaíochta na Comhairle agus i margaíocht agus cur chun cinn Fhine Gall mar áit atá fabhrach do ghnó. Chomh maith leis sin, déanann an Rannóg cur chun cinn ar thionscnaimh a chothaíonn cultúr na fiontraíochta sa Chontae.

Cuireann an Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta tacaíocht agus anailís bheartais ar fáil ar fud na Comhairle maidir le forbairt cásanna gnó, anailís tionchair eacnamaíoch agus tagarmharcáil. Cuireann an obair seo bonn eolais le cinnteoireacht Chomhairle Contae Fhine Gall thar raon réimsí beartais.

MEALLADH INFHEISTÍOCHTAÍ

Tá Saincheantar Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, a chuimsíonn Baile Dama, Baile Cúlann agus Cherryhound, tar éis forbairt a dhéanamh ar scála náisiúnta le 20 bliain anuas, a bhuí sin le hinfheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach. Faoi láthair, tá 20 Páirc Ghnó ina bhfuil thart ar 1,100 áitreabh gnó sa cheantar. Tacaítear le níos mó ná 19,500 post le meascán de phoist ó infheistíocht dhíreach choigríche agus poist le cuideachtaí dúchasacha.

Tá an Chomhairle tiomanta d'infheistíocht leanúnach a dhéanamh sa cheantar agus do Shaincheantair Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath a bhainistiú agus a chur chun cinn. Leanfaidh an Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta d'obair a dhéanamh chun cur le rath Shaincheantair Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath. Cuireadh cistiú ar fáil sa bhuiséad le haghaidh tuilleadh tionscnamh chun feabhas a chur ar an mbonneagar sa cheantar agus an saincheantar a chur chun cinn mar láthair den scoth le haghaidh infheistíochta gnó.

Anuas air sin, leanfaidh an Chomhairle d'infheistíocht a mhealladh ar fud na n-áiteanna ar fad sa Chontae, lena n-áirítear Baile Stiofáin agus an ceantar thart ar Bhaile Brigín mar chuid den Phlean Athnuachana, Ár mBaile Brigín 2019-2025, agus bainfidh na háiteanna sin leas as infheistíocht shuntasach faoi Chlár Caipitil na Comhairle.

COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL

Leis an Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014, tugadh ról níos lárnaí do Chomhairlí maidir le forbairt pobail áitiúil agus eacnamaíochta, lena n-áirítear Coistí Forbartha Pobail Áitiúil a chur ar bun. Tá an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil i bhFine Gall freagrach as tionscnaimh forbartha pobail a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail de chuid Fhine Gall a chur i bhfeidhm.

Tá ról ag an gCoiste mar údarás conarthach don Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), ar fiú €1.2 milliún gach bliain é, agus déanann an Coiste an Clár LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath, ar fiú €6.3 milliún é (2015-2020), a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú tríd an nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Tuaithe Bhaile Átha Cliath.

Riarann an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Clár Feabhsúcháin Pobail thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus gníomhaíochtaí faoin gClár Éire Shláintiúil i bhFine Gall.

SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Is í an Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta a riarann an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte i bhFine Gal thar ceann na Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCH & POBAIL

Ghlac an Chomhairle leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail i mí na Nollag 2015 agus áirítear ann bearta a sholáthróidh Comhairle Contae Fhine Gall go díreach agus gníomhaíochtaí a chuirfear i ngníomh faoi stiúir, nó i gcomhpháirtíocht le, páirtithe leasmhara forbartha áitiúil eile. Déantar athbhreithniú leanúnach ar chur chun feidhme an Phlean agus tá dul chun cinn fós á dhéanamh. Déanfar athbhreithniú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail in 2020.

OIFIG FIONTRAÍOCHTA ÁITIÚIL

Tá Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Fhine Gall ar cheann de 31 OFÁ ar fud na tíre. Is féidir aghaidh a thabhairt ar OFÁ Fhine Gall i dtosach le haghaidh tacaíochtaí fiontraíochta sa Chontae. Feidhmíonn an OFÁ faoi chomhaontú seirbhíse atá i bhfeidhm idir Comhairle Contae Fhine Gall agus Fiontraíocht Éireann. Tá Plean Forbartha Fiontair Áitiúil trí bliana i bhfeidhm chomh maith agus déantar é a athbhreithniú gach bliain. Anuas ar an mbuiséad riaracháin ó Fhiontraíocht Éireann, déanann Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa an bunchistiú a chomhchistiú. Is féidir dhá bheart a dhéanamh den chistiú seo:

Gníomhaíochtaí Bheart 1 (Idirghabháil Roghnach Airgeadais)

Faoi láthair cuireann OFÁ Fhine Gall raon tacaíochtaí airgeadais ar fáil do ghnólachtaí beaga incháilithe atá lonnaithe sa Chontae. Is é príomhaidhm na dtacaíochtaí seo fás a spreagadh agus poist a chruthú i ngnólachtaí nuathionscanta incháilithe agus i ngnólachtaí beaga seanbhunaithe ar féidir leo a léiriú go bhfuil an cumas acu fás idirnáisiúnta a dhéanamh.

Áirítear leis na cineálacha cistithe atá ar fáil Tacaíocht Deontais Nuálaíochta/Measúnú Indéantachta (€20,000 ar a mhéid), cistiú prímeála gnó (do ghnóthaí nuathionscanta, de ghnáth suas le €80,000) agus Tacaíocht Deontais Leathnaithe Gnó (do ghnólachtaí seanbhunaithe, de ghnáth suas le €80,000). Anuas air sin, tugtar deontas beag "Easpórtála", ar fiú €2,500 ar a mhéid é, do ghnólachtaí atá ag iarraidh forbairt a dhéanamh thar lear ("Tacaíocht Theicniúil do Mhicrea-easpórtálaithe").

Gníomhaíochtaí Bheart 2 (Tacaíochtaí Boga)

Cuirtear tacaíochtaí boga ar fáil ag OFÁ Fhine Gall agus áirítear leo Oiliúint Forbartha Bainistíochta, Seirbhísí Comhairleacha Gnó agus Meantóireacht, soláthar de Sheirbhís Céad Stad, Líonrú Gnó, tionscnaimh Earnála (mar shampla, tacaíochtaí d'earnáil an bhia), tionscnaimh trádála idirnáisiúnta agus tionscnaimh cur chun cinn fiontair. Anuas air sin, eagraíonn OFÁ Clár Fiontraíochta na Mac Léinn, ar tionscnamh foghlama fiontraíochta in Éirinn é ina mbaineann os cionn 22,000 mac léinn páirt gach bliain, 2,400 as Fine Gall ina measc.

Áirítear leis na tionscnaimh eile a fhaigheann cistiú:

- *Fiontraí Óg na hÉireann* (comórtas arna chistiú ag Fiontraíocht Éireann)
- Scéim na n*Dearbhán Trádála ar Líne* (arna cistiú ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil).

IONAID FIONTRAÍOCHTA

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tar éis trí ionad fiontraíochta le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta a fhorbairt agus leanann sí de thacaíocht a thabhairt dóibh:

- Ionad Fiontraíochta BASE i Mullach Eadrad arna cur ar bun in 1996 agus ina bhfuil 30 aonad
- Ionad Fiontraíochta BEAT i mBaile Brigín arna cur ar bun in 1999 agus ina bhfuil 20 aonad
- Ionad Fiontraíochta Dhraighneáin, Sord, arna cur ar bun in 2010 agus ina bhfuil 35 aonad

Tá rátaí áitíochta na dtrí ionad fiontraíochta de chuid na Comhairle ard i gcónaí agus seo iad na meánrátaí áitíochta: 94% i nDraighneán, 91% ag BASE agus 88% ag BEAT. Faoi láthair tacaíonn na trí Ionad Fiontraíochta le 68 gnólacht agus 340 post. Le chéile, tá na trí ionad fiontraíochta beagnach lán, rud a léiríonn geilleagar áitiúil buacach agus éileamh leanúnach ar spás do ghnólachtaí nuathionscanta agus ar spás goir sa chontae.

STRAITÉIS SHOCHEACNAMAÍOCH BHAILE BRIGÍN

I mBealtaine 2018, seoladh an Plean Athnuachana, Ár mBaile Brigín 2019-2025. Is toradh í an Straitéis Shocheacnamaíoch iomlán comhtháite seo ar phróiseas dian a chuimsigh comhairliúchán agus ionchur ó ghrúpaí gnó agus grúpaí pobail, idir ghrúpaí reachtúla agus ghrúpaí neamhreachtúla, atá ag maireachtáil agus ag obair sa cheantar, chomh maith le tuairim shaineolach agus saineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ba chuid lárnach d'fhorbairt na Straitéise próiseas forleathan rannpháirtíochta poiblí ina raibh teagmháil le 4000+ cónaitheoir leis an gComhairle ar mhaithe le hionchur a bheith acu sa Plean.

Sa Plean Athnuachana Ár mBaile Brigín, 2019-2025, cuimsítear 93 gealltanais ar fud 4 Cholún:

- An Ríocht Phoiblí
- An Geilleagar Áitiúil a Fhorbairt
- Gnóthaí Pobail & Comhtháthú
- Oideachas, Oiliúint & Fostaíocht

Soláthróidh Comhairle Contae Fhine Gall ceannaireacht i ndáil leis na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm le linn thréimhse an phlean agus déantar foráil i mbuiséad 2020 chun costais a chur ar fáil chun an Straitéis a chur i bhfeidhm.

AN TURASÓIREACHT A CHUR CHUN CINN

Leanfar ar aghaidh leis na cuspóirí ón Ráiteas Straitéise agus Clár Oibre Turasóireachta 2017 - 2022 a chur chun cinn in 2020. Sa chlár, pléitear na príomhthosca a chuireann turasóireacht chun cinn: nascacht scileanna agus eispéiris thábhachtacha; taitneamhachtaí, turasóireacht ghnó, margaíocht, imeachtaí; turasóireacht an bhia; agus tionscnaimh comhoibritheacha le grúpaí áitiúla um fhorbairt na turasóireachta.

Tá tacaíocht á tabhairt ag na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath agus ag earnáil ghnó na turasóireachta don Tionscnamh um Branda Réigiúnach Bhaile Átha Cliath, "Dublin: Surprising by Nature". Tá €83,000 curtha ar fáil le haghaidh an fheachtais seo i mbuiséad 2020. Chomh maith leis sin, leanann Comhairle Contae Fhine Gall de thacaíocht a thabhairt do Fingal Tourism Ltd lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite i bhfeidhm maidir le forbairt turasóireachta a sholáthar sa Chontae.

IMEACHTAÍ

Leanann Aonad Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall d'imeachtaí ardchaighdeán poiblí a chur ar fáil do phobail áitiúla agus do chuariteoirí ó áiteanna thar lear. Áirítear i mbuiséad 2020 maoiniú le haghaidh imeachtaí arna gcur ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall, lena n-áirítear Blas Fhine Gall, féilte áitiúla agus imeachtaí tráchtála. Leis an maoiniú seo leanfar ar aghaidh leis an gclár imeachtaí ar fud an chontae, agus leathnófar é ar an ardchaighdeán céanna a bhaineann leis cheana féin.

CUIBHRINN

Leanann an Chomhairle de thart ar 900 cuibhreann a chur ar fáil ag láithreacha i mBaile Bhlainséir, Domhnach Bat, na Sceirí agus Baile Brigín. Tá carrchlós, soláthar uisce, sruthchóras agus togha na hithreach ar fáil i ngach scéim.

COMHAIRLE NA NÓG

Is í Comhairle na nÓg an struchtúr trína nglacann leanaí agus daoine óga páirt i gcur chun feidhme an chláir *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* agus den Chreatbheartas Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga (2014-2020). Is é téama na bliana 2019/2020 le haghaidh Chomhairle na nÓg Fhine Gall ná Stíl Shláintiúil Mhaireachtála, agus tá €30,000 curtha san áireamh i mbuiséad 2020 chun tacú leis an obair seo.


LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ FHINE GALL

In 2019, leanamar de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall. Tá ballraíocht an Líonra tar éis méadú go 810 grúpa/eagraíocht phobail sa Líonra. Tá comhaltaí tar éis leas a bhaint as forbairt acmhainní 5 Nascgrúpa, 20 Ionadaí nua Líonra Rannpháirtíochta Pobail a ainmniú ar fud na gCoistí um Beartas Straitéiseach agus na gComhchoiste Póilíneachta, agus bhí siad páirteach i Seachtain Fhine Gall um Ionchuisiú agus Lá na hAfraice. Tá €46,000 curtha ar fáil don Líonra i mbuiséad 2020.

D - Bainistíocht Forbartha


Caiteachas

D01	Pleanáil Chun Cinn	€3,178,700
D02	Bainistíocht Forbartha	€8,550,400
D03	Forfheidhmiú	€641,900
D04	Saoráidí Tionsclaíocha agus Tráchtála	€707,800
D05	Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta	€1,371,400
D06	Feidhm Phobail agus Fiontraíochta	€2,262,900
D08	Rialú Tógála	€2,121,600
D09	Forbairt agus Cur Chun Cinn Eacnamaíoch	€3,375,000
D10	Bainistiú Réadmhaoine	€1,268,500
D11	Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe	€570,500
		€24,048,700



Ioncam

Poist, Fiontair & Nuálaíocht	€1,162,100
Deontais agus Fóirdheontais Eile	€405,200
Táillí Pleanála	€1,470,500
Ioncam Eile	€1,365,300
Aoisliúntas	€310,600
	€4,713,700



Tábla F - Caiteachas				
Rannán D - Bainistíocht Forbartha				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
D0101 Pleananna agus Beartais Reachtúla	1,855,600	1,855,600	1,901,200	1,823,400
D0199 Costais Seirbhíse Tacaíochta	1,323,100	1,323,100	1,378,000	1,382,500
D01 Pleanáil Ar Aghaidh	3,178,700	3,178,700	3,279,200	3,205,900
D0201 Rialú Pleanála	4,905,400	4,905,400	4,027,900	3,906,800
D0299 Costais Seirbhíse Tacaíochta	3,645,000	3,645,000	3,394,400	3,422,000
D02 Bainistíocht Forbartha	8,550,400	8,550,400	7,422,300	7,328,800
D0301 Costais Saincheadúnais	370,500	370,500	425,900	395,700
D0399 Costais Seirbhíse Tacaíochta	271,400	271,400	262,200	262,300
D03 Forfheidhmiú	641,900	641,900	688,100	658,000
D0401 Oibríochtaí Suíomhanna Tionsclaíoch	314,700	314,700	469,300	342,000
D0403 Bainistiú & Ranníocaíochtaí do Shaoráidí Tráchtála Eile	120,100	120,100	118,700	111,100
D0404 Obair Chur Chun Cinn an Forbartha Ginearálta	-	-	-	-
D0499 Costais Seirbhíse Tacaíochta	273,000	273,000	294,700	295,900
D04 Saoráidí Tionsclaíocha agus Tráchtála	707,800	707,800	882,700	749,000
D0501 Cur Chun Cinn na Turasóireachta	1,281,300	1,281,300	1,341,800	1,266,400
D0502 Oibríochtaí Saoráidí do Thurasóirí	17,500	17,500	22,500	4,200
D0599 Costais Seirbhíse Tacaíochta	72,600	72,600	181,700	181,700
D05 Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta	1,371,400	1,371,400	1,546,000	1,452,300
D0601 Costais Ghinearálta Pobail & Fiontraíochta	825,100	825,100	830,600	970,600
D0602 Costais RAPID	-	-	-	-
D0603 Ionchuimsiú Sóisialta	563,400	563,400	281,700	305,600
D0699 Costais Seirbhíse Tacaíochta	874,400	874,400	952,500	959,300
D06 Feidhm Phobail agus Fiontraíochta	2,262,900	2,262,900	2,064,800	2,235,500
D0701 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe	-	-	-	-
D0799 Costais Seirbhíse Tacaíochta	-	-	-	-
D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe	-	-	-	-
D0801 Costais Imscrúdaithe um Rialú Tógála	1,257,500	1,257,500	1,156,600	1,263,500
D0802 Costais Forfheidhmithe um Rialú Tógála	21,100	21,100	21,500	22,000
D0899 Costais Seirbhíse Tacaíochta	843,000	843,000	807,400	813,800
D08 Rialú Foirgníochta	2,121,600	2,121,600	1,985,500	2,099,300

Tábla F - Caiteachas				
Rannán D - Bainistíocht Forbartha				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
D0901 Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile	380,700	380,700	200,000	380,700
D0902 Tionscadail EU	-	-	-	-
D0903 Nascadh Bailte	15,500	15,500	15,500	15,500
D0904 Oifig Eorpach	-	-	-	-
D0905 Forbairt agus Cur Chun Cinn Eacnamaíoch	730,100	730,100	1,036,300	701,900
D0906 Poist, Fiontair & Nuálaíocht	1,560,700	1,560,700	1,553,700	1,529,600
D0999 Costais Seirbhísí Tacaíochta	688,000	688,000	752,000	750,100
D09 Forbairt agus Cur Chun Cinn Eacnamaíoch	3,375,000	3,375,000	3,557,500	3,377,800
D1001 Costais Bainistithe Réadmhaoine	801,200	801,200	710,300	769,600
D1099 Costais Seirbhísí Tacaíochta	467,300	467,300	301,900	300,700
D10 Bainistíocht Réadmhaoine	1,268,500	1,268,500	1,012,200	1,070,300
D1101 Seirbhísí Oidhreachta	289,800	289,800	259,300	166,300
D1102 Seirbhísí Caomhnaithe	35,500	35,500	35,500	29,500
D1103 Deontais Chaomhnaithe	170,000	170,000	124,000	135,000
D1199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	75,200	75,200	102,000	101,700
D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe	570,500	570,500	520,800	432,500
D1201 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-
D1299 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
D12 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-
D Iomlán an Rannáin	24,048,700	24,048,700	22,959,100	22,609,400

Tábla F - Ioncam

Rannán D - Bainistíocht Forbartha

Ioncam de réir Foinse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
Deontais ón Rialtais				
Tithíocht, Pleanáil & Rialtas Áitiúil	-	-	-	-
Cultúr, Oidhreacht & Gaeltacht	170,000	170,000	124,000	135,000
Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	1,162,100	1,162,100	1,106,000	1,142,100
Forbairt Tuaithe & Pobail	112,000	112,000	62,000	137,700
Eile	123,200	123,200	173,200	128,200
Iomlán Deontas Rialtais	1,567,300	1,567,300	1,465,200	1,543,000
Earraí & Seirbhísí				
Táillí Pleanála	1,470,500	1,470,500	1,471,000	1,520,500
Aoisliúntas	310,600	310,600	293,500	294,300
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíochta	-	-	-	-
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	-	-	-	-
Ioncam eile	1,365,300	1,365,300	1,267,000	1,395,800
Iomlán na nEarraí & Seirbhísí	3,146,400	3,146,400	3,031,500	3,210,600
Iomlán Rannán 'D'	4,713,700	4,713,700	4,496,700	4,753,600

Rannán E

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

OIBRIÚ, COTHABHÁIL AGUS IARCHÚRAM LÁITHREÁN LÍONTA TALÚN

Leis an tseirbhís seo, cumhdaítear feabhsúchán Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh, bainistiú comhshaoil Líonadh Talún Dhún Sinche, iniúchadh agus iarchúram láithreán líonadh talún stairiúil agus muirir airgeadais i leith thionscadal Líonadh Talún Neimhead. Leantar ar aghaidh le hathchóiriú Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh in 2019 agus leanfar leis arís in 2020. Baineann costais leanúnacha le bainistiú láisteáite, le faireachán comhshaoil agus le hinfrastruchtúr chun a athrú chuig páirc phoiblí. Baineann muirir freisin le dliteanais chomhshaoil a sholáthar i leith Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh agus Líonadh Talún Dhún Sinche.

SAORÁIDÍ AISGHABHÁLA AGUS ATHCHÚRSÁLA A OIBRIÚ AGUS A CHOTHABHÁIL

Cumhdaíonn an tseirbhís seo costais conartha Ionad Athchúrsála an Inbhir agus Ionad Athchúrsála an Chúil Mhín agus oibriú líonra Bhanc Buidéil na Comhairle.

SAORÁID AISGHABHÁLA FUINNIMH

Cuireadh tús le Saoráid Aisghabhála Fuinnimh an Phoill Bhig a thógáil ag deireadh na bliana 2014 agus thosaigh sí ag feidhmiú in 2017. Tá an tsaoráid ag obair ag a lánacmhainn nach mór ó bhí 2018 ann. Is gné lárnach den infrastruchtúr náisiúnta dramhaíola arna dhearadh chun freastal ar cheanglais na hÉireann faoin Treoir AE um Líonadh Talún.

FORFHEIDHMIÚ BRUSCAIR

Leis an tseirbhís seo, cumhdaítear na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar. Cumhdaítear inti freisin feachtais eolais chun feasacht a spreagadh i scoileanna, i ngnólachtaí agus sa phobal i gcoitinne maidir le bruscar.

GLANTACHÁN SRÁIDE

Tá breis agus 1,300 bosca bruscair ar fud Fhine Gall. Tugadh isteach araid dlúthóra gréine i mBinn Éadair. Tá soláthar déanta le haghaidh araid ghréine eile in 2020.

DRAMHAÍL A RIALÚ, A FHORFHEIDHMIÚ AGUSA MHONATÓIRIÚ

Leanann an tAonad Forfheidhmithe Dramhaíola den Rannóg Chomhshaoil dá chinntiú go gcomhlíontar na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola. Leis na rialacháin seo, cumhdaítear saoráidí aisghabhála dramhaíola a cheadú, monatóiriú agus rialú a dhéanamh ar dhramhaíl a ghluaiseacht agus oibleagáidí freagrachta táirgeora, lena n-áirítear na rialacháin sin a bhaineann le dramhaíl ó phacáistíocht, boinn, Trealamh Dramhaíola Leictreach agus Leictreonach, ceallraí agus cnuasaitheoirí agus feithiclí a bhfuil a ré caite. Chun an tasc seo a éascú, ullmhaíonn Contae Fhine Gall Plean um Chritéir Mholta Íosta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil gach bliain ar gné tábhachtach é de Phlean Oibríochtúil na Rannóige Comhshaoil. Sa Phlean um Chritéir Mholta Íosta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil, aithnítear agus díritear ar ghníomhaíochtaí agus iniúchtaí forfheidhmithe chun a áirithiú go gcomhlíontar an reachtaíocht ar fad um chomhshaoil.

Oibríonn na hAonaid Forfheidhmithe Dramhaíola go dlúth le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath arb é an Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre. Déanann Coiste Stiúrtha Náisiúnta a chomhordaíonn tosaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola náisiúnta/réigiúnach maoirseacht ar obair na dtrí Phríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola.

PLEANÁIL BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

Leis an tseirbhís seo, cumhdaítear costais maidir le pleanáil bainistithe dramhaíola agus oibriú na hOifige Réigiúnaí do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre.

REILIGÍ A CHOTHABHÁIL

Déanann an Chomhairle 36 reilig a bhainistiú agus leanfar de na reiligí sin a chothabháil ar chaighdeán ard le linn 2019. Tá obair fós ar siúl i Reilig nua Bhaile Uí Cheallaigh. Tá €350,000 curtha ar fáil i mBuiséad 2020 chun reiligí a fhorbairt.

SEIRBHÍS DÓITEÁIN & COSC DÓITEÁIN A OIBRIÚ

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chuireann an tSeirbhís Dóiteáin ar fáil d'Fhine Gall. Tá seirbhísí iomlána Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an tSeirbhís Otharchairr, ar fáil chun déileáil le teagmhais agus éigeandálaí i bhFine Gall más gá sin. Meastar gur thart ar €21.7m a bheidh sciar Fhine Gall de chostas na seirbhíse dóiteáin in 2020.

AONAD TRUAILLITHE UISCE

Tá an tAonad Truailithe Uisce freagrach as na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) a fhorfheidhmiú, as teagmhais truailithe uisce a iniúchadh agus as monatóireacht a dhéanamh ar scaradh eisiltigh thrádála in uisce oscailte a cheadúnú.

Faoin Treoir Réime Uisce, tá an t-aonad freagrach freisin as monatóireacht a dhéanamh ar aibhneacha, as tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht uisce snámha, as suirbhéanna ar fheirmeacha (faoi na Rialacháin GAP) agus as iniúchadh. Tá an t-aonad freagrach freisin as Plean Náisiúnta Iniúchta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil a chur chun feidhme maidir le córais cóireála dramhaíola (dabhcha séarachais). Oibríonn an tAonad go dlúth le hOifig Uisce agus Pobal na nÚdarás Áitiúil, le Foireann Chomhairleach na n-Údarás Áitiúil um Uisce agus Eolaíocht agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun spriocbhearta a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le saincheisteanna cáilíochta uisce i bhfo-dhobharceantair arna dtugtar tús áite dóibh sa Phlean Bainistithe Abhantrach, 2018-2021.

CÁILÍOCHT UISCE AGUS TRUAILLIÚ Ó THORANN

Cuidíonn an Rannóg Comhshaoil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil trí stáisiúin monatóireachta, saoráidí agus trealamh monatóireachta aeir a sholáthar ag Bóthar na hAbhann, Baile Bhlainséir agus Lána an Uisce, Sord. Is cuid den Líonra Náisiúnta um Fhaireachán ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh iad na stáisiúin um monatóireacht leanúnach seo. Tugann siad sonraí gar d'fhíor-am ar fáil maidir le NO₂, PM₁₀ agus O₃ (Ózón). Uaslódáiltear na torthaí monatóireachta ar fad ar shuíomh Gréasáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus is féidir iad a fheiceáil ar líne.

Faoin Rialacháin an Achta um Thruailliú Aeir (Breoslaí Sonraithe a Mhargú, a Dhíol, a Dháileadh agus a Dhó) 2012, ainmnítear Fine Gall mar limistéar sonraithe nach féidir gual toiteach a dhíol, a dhó, a dháileadh nó a thairg lena dhíol ann. Cuireadh tús le forfheidhmiú na Rialachán sin sa limistéar leathnaithe in 2013 agus leanfaidh sé ar aghaidh in 2020.

AN tÚDARÁS INNIÚIL UM THORANN AERÁRTHAÍ

San Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019, ainmnítear Comhairle Contae Fhine Gall mar Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí maidir le torann aerárthaí. Táthar tar éis Stiúrthóireacht nua a bhunú chun feidhmeanna a chur i ngníomh faoin Acht. Déantar foráil san Acht le haghaidh Tobhaigh Aerfoirt maidir leis na costais arna dtabhú ag an údarás inniúil, is é údarás an aerfoirt atá dlite chun an tobhach sin a íoc.

FEASACHT CHOMHSHAOIL

Áirítear leis seo na costais a bhaineann leis an gClár Oibre Áitiúil 21/Ciste Pobail um Ghníomhaíocht Chomhshaoil, Pobail Níos Glaine, Clár na Scoileanna Glasa agus feachtais feasachta comhshaoil réigiúnacha maidir le dramhaíl a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil, bithéagsúlacht, tacaíocht a thabhairt do phobail maidir le dul i ngleic le bruscar, graifítí agus dumpáil dramhaíola.


GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

Leis seo, cumhdaítear costais a bhaineann le gníomhaíochtaí faoin bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019-2024 agus tacaíochtaí coimhdeacha a chomhordú.

E - Seirbhísí Comhshaoil


Caiteachas

E01	Oibríochtaí Láithreáin Talún agus Iarchúram	€5,260,200
E02	Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála & Athchúrsála	€2,785,500
E03	Saoráidí Aisghabhála Fuinnimh	€865,200
E05	Bainistiú Bruscair	€1,072,700
E06	Glantachán Sráide	€6,492,900
E07	Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola	€1,460,000
E08	Pleanáil Bainistithe Dramhaíola	€238,300
E09	Cothabháil Reiligí	€2,143,500
E10	Sábháilteacht Struchtúir agus Áiteanna	€1,428,400
E11	Oibriú Seirbhísí Dóiteáin	€21,741,900
E12	Cosc Dóiteáin	€207,500
E13	Cáilíocht Uisce, Aer agus Truailliú ó Thorann	€2,879,700
E15	Athrú Aeráide & Tuile	€1,135,600
		€47,711,400



Ioncam

Cumarsáid, Gníomhaíocht ar mhaithe leis an Aeráid & Comhshaoil	€381,500
Deontais agus Fóirdheontais Eile	€50,000
Ioncam Eile (lena n-áirítear Ranníocaíochtaí Údaráis)	€4,744,200
Muirir Dóiteáin	€850,000
Muirir Dramhaíola Tí	€760,000
Aoisliúntas	€282,100
	€7,067,800



Tábla F - Caiteachas				
Rannán E - Seirbhísí Comhshaoil				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfhéidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
E0101 Oibríochtaí Láithreáin Talún	3,147,600	3,147,600	4,132,300	3,635,900
E0102 Ranníocaíochtaí d'Údaráis Áitiúla eile - Saoráidí Láithreán Talún	-	-	-	-
E0103 Costais Iarchúraim Láithreán Talún	1,570,400	1,570,400	1,485,600	1,750,500
E0199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	542,200	542,200	507,600	502,100
E01 Oibríú agus Iarchúram Láithreán Talún	5,260,200	5,260,200	6,125,500	5,888,500
E0201 Oibríochtaí Saoráidí Athchúrsála	88,000	88,000	107,100	87,000
E0202 Oibríochtaí Ionad Fág Anseo	2,399,700	2,399,700	2,411,900	2,435,700
E0204 Seirbhísí Eile Athchúrsála	20,300	20,300	20,300	20,300
E0299 Costais Seirbhísí Tacaíochta	277,500	277,500	359,800	351,600
E02 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála & Athchúrsála	2,785,500	2,785,500	2,899,100	2,894,600
E0301 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála Fuinnimh	865,200	865,200	845,000	811,400
E0399 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
E03 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála Fuinnimh	865,200	865,200	845,000	811,400
E0401 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Athchúrsála	-	-	-	-
E0402 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Orgánach	-	-	-	-
E0403 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Iarmharaigh	-	-	-	-
E0404 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Tráchtála	-	-	-	-
E0406 Ranníocaíocht do Sheirbhísí Bailithe Dramhaíola	-	-	-	-
E0407 Costais Eile Bailithe Dramhaíola	-	-	-	-
E0499 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
E04 Soláthar Dramhaíola do Sheirbhísí Bailithe	-	-	-	-
E0501 Seirbhís an Mhaoir Bruscair	422,300	422,300	410,900	443,800
E0502 Tionscnaimh Rialaithe Bruscair	-	-	-	-
E0503 Seirbhísí Feasachta Chomhshaoil	206,500	206,500	198,000	212,300
E0599 Costais Seirbhísí Tacaíochta	443,900	443,900	313,900	321,600
E05 Bainistiú Bruscair	1,072,700	1,072,700	922,800	977,700
E0601 Oibríú Seirbhíse Glantacháin Sráide	4,987,200	4,987,200	4,944,700	5,251,800
E0602 Soláthar agus Feabhsú Boscaí Bruscair	115,700	115,700	115,700	115,700
E0699 Costais Seirbhísí Tacaíochta	1,390,000	1,390,000	1,469,600	1,454,800
E06 Glantachán Sráide	6,492,900	6,492,900	6,530,000	6,822,300
E0701 Monatóireacht ar Rialacháin Dramhaíola (lena n-áirítear Láithreáin Talúin Príobháideacha)	17,500	17,500	21,500	21,300
E0702 Forfheidhmiú Rialachán Dramhaíola	952,200	952,200	831,900	775,900
E0799 Costais Seirbhísí Tacaíochta	490,300	490,300	552,000	556,000
E07 Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola	1,460,000	1,460,000	1,405,400	1,353,200

Tábla F - Caiteachas				
Rannán E - Seirbhísí Comhshaoil				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
E0801 Plean Bainistíochta Dramhaíola	177,700	177,700	182,500	180,100
E0802 Ranníocaíocht do Phleanáil Bainistithe Dramhaíola Chomhlachtaí Eile	-	-	-	-
E0899 Costais Seirbhísí Tacaíochta	60,600	60,600	56,000	55,500
E08 Plean Bainistíochta Dramhaíola	238,300	238,300	238,500	235,600
E0901 Cothabháil Reiligi	1,598,400	1,598,400	1,644,000	1,702,100
E0999 Costais Seirbhísí Tacaíochta	545,100	545,100	558,100	555,400
E09 Cothabháil Reiligi	2,143,500	2,143,500	2,202,100	2,257,500
E1001 Costais Oibríochta um Chosaint Shibhialta	160,600	160,600	158,100	160,600
E1002 Foirgnimh Chontúirteacha	182,600	182,600	161,100	191,400
E1003 Pleanáil Éigeandála	257,000	257,000	265,300	261,500
E1004 Láithreáin Tréigthe	57,400	57,400	68,000	54,200
E1005 Oibríocht Sábháilteachta Uisce	305,100	305,100	336,500	276,700
E1099 Costais Seirbhísí Tacaíochta	465,700	465,700	463,000	463,700
E10 Sábháilteacht Struchtúir agus Áiteanna	1,428,400	1,428,400	1,452,000	1,408,100
E1101 Oibriú Seirbhíse Dóiteáin	21,740,200	21,740,200	20,657,700	21,400,300
E1103 Oiliúint Seirbhísí Dóiteáin	-	-	-	-
E1104 Oibriú Seirbhíse Otharchairr	-	-	-	-
E1199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	1,700	1,700	1,900	1,700
E11 Oibriú Seirbhíse Dóiteáin	21,741,900	21,741,900	20,659,600	21,402,000
E1201 Costais Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin	119,400	119,400	132,400	132,900
E1202 Oideachas agus Cosc Dóiteáin	-	-	-	-
E1203 Monatóireacht & Iniúchadh ar Shaoráidí Tráchtála	-	-	-	-
E1299 Costais Seirbhísí Tacaíochta	88,100	88,100	83,100	84,100
E12 Cosc Dóiteáin	207,500	207,500	215,500	217,000
E1301 Bainistiú Cáilíochta Uisce	457,100	457,100	579,100	454,400
E1302 Ceadúnú agus Monatóireacht ar Cháilíocht Aeir agus Torainn	2,072,300	2,022,300	266,500	1,223,800
E1399 Costais Seirbhísí Tacaíochta	350,300	350,300	302,400	303,900
E13 Cáilíocht Uisce, Aer agus Truailliú ó Thorann	2,879,700	2,829,700	1,148,000	1,982,100
E1401 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-
E1499 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
E14 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-
E1501 Athrú Aeráide & Tuile	948,200	628,200	395,400	379,800
E1599 Costais Seirbhísí Tacaíochta	187,400	187,400	98,300	99,500
E15 Athrú Aeráide & Tuile	1,135,600	815,600	493,700	479,300
Iomlán Rannán E	47,711,400	47,341,400	45,137,200	46,729,300

Tábla F - Ioncam				
Rannán E - Seirbhísí Comhshaoil				
Ioncam de réir Foinse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
Deontais Rialtais				
Tithíocht, Pleanáil & Rialtas Áitiúil	-	-	50,000	-
An Roinn Coimirce Sóisialaí	-	-	-	-
Cosaint	-	-	-	-
Cumarsáid, Gníomhaíocht ar mhaithe leis an Aeráid & Comhshaoil	381,500	381,500	256,000	403,000
Eile	50,000	50,000	-	46,000
Iomlán Deontas Rialtais	431,500	431,500	306,000	449,000
Earraí & Seirbhísí				
Muirir Dramhaíola Tí	760,000	760,000	760,000	760,000
Muirir Dramhaíola Tráchtála	-	-	-	-
Muirir Láithreán Talún	-	-	-	-
Muirir Dóiteáin	850,000	850,000	850,000	1,000,000
Aoisliúntas	282,100	282,100	259,000	259,700
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíochta	-	-	-	-
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	117,300	117,300	92,300	102,700
Ioncam eile	4,626,900	4,626,900	2,694,800	3,773,900
Iomlán na nEarraí & Seirbhísí	6,636,300	6,636,300	4,656,100	5,896,300
Iomlán Rannán 'E'	7,067,800	7,067,800	4,962,100	6,345,300

Rannán F

ÁINEAS & FÓNTAIS

LEABHARLANNA

Meastar go dtabharfar thart ar 1 milliún cuairt ar Leabharlanna Fhine Gall in 2020 chun réimse seirbhísí a rochtain in ár 10 mbrainse, 4 leabharlann taistil agus sa Rannóg Staidéar Áitiúla agus Cartlainne. Táthar ag súil go dtógfar breis agus 1 milliún earra ar iasacht in 2020, ach féadfaidh go dtiocfaidh méadú ar an bhfigiúr sin toisc gur cuireadh deireadh go náisiúnta le fíneálacha in 2019 agus go bhfuil an tóir atá ar ár n-acmhainní leictreonacha ag méadú i gcónaí. Sa Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta is déanaí (2018) arna foilsiú ag an gCoiste Náisiúnta Formhaoirseachta & Iniúcháireachta, luaitear gur chaith Fine Gall €53.08 in aghaidh an duine den daonra chun seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil in 2018. Éascaíonn an t-airgead sin rochtain saor in aisce ar leabhair agus ar réimse leathan acmhainní leictreonacha lena n-áirítear nuachtáin, iris leabhair agus cúrsaí ar líne, ar chlár gníomhaíochtaí agus imeachtaí a chuireann eolas agus siamsaíocht ar fáil do dhaoine, agus ar spásanna ina gcasann daoine ar a chéile chun a bheith ag labhairt, ag cruthú agus ag foghlaim. Oibríonn an chuid is mó dár bpointí seirbhíse leabharlainne 6 lá sa tseachtain, agus bíonn siad ar oscailt 45 uair an chloig sa tseachtain ar an meán, rud a chuireann ár leabharlanna i measc na leabharlann is mó uaireanta oscailte ar fud na tíre. In 2020, leanfaidh an Chomhairle de bheith tiomanta do chroísheirbhísí leabharlainne a sholáthar saor in aisce agus do spás sábháilte, neodrach agus daonlathach a chur ar fáil do shaoránaigh Fhine Gall.

Leagtar amach i bPlean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall, 2018-2023 mar atá an tseirbhís á forbairt mar spás dinimiciúil agus ionchuimsitheach, agus í ag tabhairt tacaíochta do chultúr, áineas, litríocht, oideachas agus forbairt eacnamaíoch sa Chontae. Aithnítear sa Phlean 7 bpríomhchuspóirí sna réimsí seo a leanas: Lucht Saothair; Caipiteal agus Infrastruchtúir; Bailiúcháin agus Acmhainní; Clárú Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí; Teicneolaíocht; Margaíocht agus Cumarsáid; agus Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí, agus Ceantar i bhfeidhm iad trí 42 ghníomhaíocht thar tréimhse 5 bliana.

Áirítear i mórthionscadal caipitil na Comhairle Ionad Sibhialta agus Cultúrtha Shoird, ina mbeidh Leabharlann nua Contae. Tiocfaidh an Leabharlann nua in áit an leabharlainne atá ann cheana féin agus beidh sí ina ionad foghlama, cultúir agus áineasa don 21ú haois i spás oscailte agus muinteartha do shaoránaigh uile an Chontae. Chomh maith leis sin, i ndiaidh próisis phleanála éifeachtaigh, cuirfear tús in 2020 le hobair ar leathnú agus athchóirí Leabharlann na Sceirí. Leanfar de spásanna foghlama digití agus spásanna cruinnithe a fhorbairt i leabharlanna an Chontae in 2020, i ndiaidh deontais iomláin €525,474 (€475,903 in 2018 agus €49,571 in 2019) ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus tá an Chomhairle tar éis maoiniú comhfhreagrach €177,500 a chur leis sin. Cuireadh isteach comharthaíocht agus teilgeoirí digiteacha, roinnt Tovertafel (boird leictreonacha draíochtúla), roinnt Hublet (taibléid, stáisiúin nasctha agus bogearraí) agus faighneoga cruinnithe i leabharlanna i bhFine Gall le linn 2019 agus tá tuilleadh dá leithéid beartaithe le haghaidh 2020.

Tá sé beartaithe againn, agus tá foráil déanta chuige sa bhuiséad, Cruthaitheoir Cónaithe a cheapadh le haghaidh Leabharlanna Fhine Gall in 2020 chun cabhrú le spásanna do dhéantóirí a fhorbairt sna leabharlanna agus chun clár a dhearadh chun tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht sa phobal.

Chomh maith leis sin, tar éis deontas €40,350 a fháil faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, leathnóidh Leabharlanna Fhine Gall Scéim a Thacaíonn le Daoine le hUathachas ar fud ghréasáin a mbrainsí.

Reáchtáladh an Scéim seo go héifeachtach i Leabharlann Bhaile Bhlainséir ar bhonn piolótach le linn 2019. Cuirfidh naoi leabharlann ar fud Fhine Gall seisiúin ainmnithe a thacaíonn le daoine le huathachas ar siúl gach mí, agus reáchtálfar ‘am ciúin’ agus ‘cláir shuaimhneacha’ ar bhonn rialta chun freastal ar dhaoine a bhfuil uathachas orthu.

Gealltar i bPlean Forbartha na Leabharlann stoc leabhar a choinneáil agus a fhorbairt atá reatha agus ábhartha dár léitheoirí agus chuige sin, tá €800,00 leithdháilte do chiste na leabhar leabharlainne do 2020. Tá Rannóg na Leabharlann tar éis infheistiú a dhéanamh le déanaí i gcóras leictreonach bainistíochta stoic atá bunaithe ar fhianaise chun cabhrú leis an bhfoireann bailiúcháin a bhainistiú agus a fhorbairt ar bhealach níos éifeachtaí.

Tugann córas náisiúnta dáileachán leabhar rochtain do bhaill leabharlann Fhine Gall ar thart ar 15 milliún earra i thart ar 300 leabharlann phoiblí ar fud na tíre. Is féidir le léitheoirí leabhair a chur in áirithe ar líne nó ag a mbrainse áitiúil agus iad a fháil seachadta don leabharlann is gaire saor in aisce.

Leanfar de ríomhsheirbhísí a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Leabharlann in 2020, leabhair, nuachtáin, iris leabhair, greannáin, cúrsaí foghlama teanga agus cúrsaí ar líne ina measc. Is é *Freegal* an ríomhsheirbhís is déanaí a ceannaíodh d’úsáideoirí leabharlainne. Is seirbhís shruthaithe agus íoslódála é a thugann rochtain ar bhreis agus 15+ milliún amhrán ó 1 milliún albam in os cionn 200 seánra. Cuireann sé breis agus 400,000 físeán ceoil ar fáil freisin.

PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE

Déantar foráil i mBuiséad 2020 do 5,000 acra (2,000 Ha.) de spásanna oscailte, páirceanna réigiúnacha agus saoráidí spóirt a chothabháil go leanúnach mar phríomhghnéithe d’Infrastruchtúr Glas Fhine Gall. Áirítear freisin maoiniú le haghaidh feabhsú leanúnach páirceanna imeartha, clóis súgartha agus saoráidí spóirt lena n-áirítear cúrsaí galf dhá mhaide.

Tá buiséad €400,000 curtha ar fáil le haghaidh mion-oibreacha feabhsaithe i bpáirceanna agus spásanna oscailte le linn 2020.

In 2019, i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, d’fhorbraíomar seóghairdín ‘Fingal Bee Positive’ ina ndéantar Tionscnaimh phraiticiúla phailneora a léiriú agus a chur chun cinn. Bhuaigh an gairdín seo bonn Óir ag an bhféile bhliantúil Bloom i bPáirc an Fhionnuisce. Tá foráil déanta chun Gairdín Fhine Gall a iontráil i gcomórtas Bloom 2020.

Tá foráil déanta freisin chun Bithéagsúlacht Fhine Gall a chaomhnú agus a fheabhsú, lena n-áirítear an chuid sin de Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath atá lonnaithe i bhFhine Gall, chomh maith le tionscadail athchóirithe amhail Caisleán Bhrí Mhór.

RÉADMHAOINE OIDHREACHTA

Tá an Rannóg Forbartha Eacnamaíoch, Fiontraíochta agus Turasóireachta freagrach as réadmhaoine oidhreachta na Comhairle ar fud an Chontae a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt go leanúnach. Leanfaidh an Rannóg de chomhoibriú a dhéanamh chun acmhainn cruthaithe turasóireachta agus poist a uasmhéadú i ngach réadmhaoine in 2020. Chomh maith leis sin, tá infheistíocht chaipitil shuntasach sna réadmhaoine á cur chun cinn in 2020 agus do na blianta ina dhiaidh sin. Tá na hoibreacha uile á ndéanamh i gcomhréir le ceanglais Phleanála Bainistíochta Caomhnaithe.

TRÁNNA

Tá freagracht ar an gComhairle as tránna agus Seirbhísí Garda Tarrthála i bhFine Gall agus déantar foráil dó sin i mBuiséad 2020.

RANNÁN POBAIL, CULTÚIR & SPÓIRT

Oibríonn an Rannán Pobail, Cultúir agus Spóirt i gcomhar le grúpaí pobail, gníomhaireachtaí agus soláthraithe seirbhíse deonacha chun caighdeán maireachtála shaoránaigh Fine Gall a fheabhsú. Tugaimid tacaíocht do phobail trí shaoráidí pobail, saoráidí áineasa agus saoráidí spóirt, chomh maith le cláir oideachais, cláir ealaíon, scéimeanna maoinithe deontais, seirbhísí tacaíochta agus comhairle a chur ar fáil.

Oifig Forbartha Pobail:

Tá an Oifig Forbartha Pobail dírithe ar phobail láidre rannpháirteacha chomhtháite a fhorbairt ar fud Fine Gall, áit as a bhfuil muintir na háite bródúil, ina bhfuil rochtain acu ar réimse deiseanna sóisialta, cultúir agus forbartha agus inar féidir leo páirt a ghlacadh sna próisis chinnteoireachta áitiúla.

Tacaíonn an Chomhairle le 33 Saoráid Phobail ar fud an Chontae. Tá an Oifig Forbartha Pobail tar éis fóram a bhunú le haghaidh Bainisteoirí Ionaid agus ball deonach boird/coiste chun teacht le chéile chun faisnéis a chomhroinnt agus comhoibriú a dheanamh chun coigiltis a chur chun cinn agus luach ar airgead a bhaint amach ar fud na láithreán uile. Faoin 30 Meán Fómhair 2019, bhí 2.93 milliún duine tar éis na saoráidí a úsáid.

In 2018, seoladh Treoir maidir le Dea-Chleachtas i Saoráidí Pobail a Bhainistiú lena n-áirítear Turas an Chustaiméara, Iniúchadh um Eochairtháscaire Feidhmíochta i Saoráidí Pobail, agus Teimpléid Beartais agus leanfar dá gcur i bhfeidhm in 2020.

Cuireann an Oifig Forbartha Pobail na cláir oiliúna pobail 'Pathways to Participation Programme' agus 'First Steps Programme' ar siúl i saoráidí pobail ar fud an Chontae. Áirítear sa chlár oiliúna scileanna coiste, oiliúint forbartha pobail agus saoránacht ghníomhach. Mar chuid den Chlár Máistir-rang, reáchtáladh seisiúin ar Bhainistíocht Saoráide, Cuideachtaí faoi Theorainn Rátháíochta, Airgeadas a Bhainistiú, Ceardlanna maidir leis an Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint, Oiliúint do Mheasúnóirí Trealamh Scáileáin Taispeána agus Meáin Digiteacha. Spreagann an Clár First Steps rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí réamhforbartha, amhail ranganna Béarla do thosaitheoirí agus feabhsaitheoirí, Fáilte Isteach, cócaireacht shláintiúil agus cláir ealaíon agus ceardaíochta, scileanna coiste agus Oiliúint Ceannaireachta maidir le hlmeascadh le tacaíochtaí arna gcur ar fáil do 48 grúpa, idir ghrúpaí nua agus ghrúpaí atá ag teacht chun cinn. Leanann an Chomhairle de chomhairle agus tacaíocht a sholáthar do 11 Bord Stiúrthóirí Ionad Pobail.

Leanfar de na tionscnaimh seo a chur i bhfeidhm ar fud shaoráidí pobail uile i bhFine Gall do ghrúpaí pobail agus grúpaí deonacha le linn 2020. Áirítear foráil €142,000 i mBuiséad 2020 chuige sin agus chuig cláir eile forbartha pobail. Tá €1.8m leithdháilte againn chun cabhrú le saoráidí pobail a bhainistiú agus a oibriú.

In 2019, tugadh maoiniú le haghaidh tionscadal samhraidh do 45 grúpa ar fud Fine Gall ar fiú

€61,601 é agus ghlac breis agus 4,000 leanbh páirt sna tionscadail.

Leis an Scéim Mhaoinithe Gníomhaíochta, cuireadh €58,422 ar fáil i gcúnamh airgeadais faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019 do ghrúpaí pobail a eagraíonn gníomhaíochtaí lena n-áirítear tionscadail feabhsaithe comhshaoil, gníomhaíochtaí spóirt, foilseacháin, tionscadail taighde áitiúil, gníomhaíochtaí ealaíon agus idirchultúrtha. Chomh maith leis sin, leithdháileadh maoiniú do Chiste Pobail an Chláir Éire Chruthaitheach de chuid Fhine Gall chun tacú le grúpaí pobail páirt a ghlacadh i dtionscadail/tionscnaimh chruthaitheacha.

In 2020, cuireadh maoiniú €200,00 san iomlán ar fáil le haghaidh Gníomhaíochtaí, Tionscadail Samhraidh, agus Scéimeanna Maoinithe Pobail Éire Chruthaitheach.

Ionaid Pobail a athchóiriú:

Rinneadh foráil le roinnt blianta anuas chun oibreacha athchóirithe/deisiúcháin a éascú do roinnt sean-Ionad Pobail de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall agus leanfar leis sin in 2020. Tá ciste ar leith €200,000 curtha ar fáil i mBuiséad 2020 a ligeann dúinn freisin ciste deontas caipitil a sholáthar chun tacú le hionaid phobail nach bhfuil faoi úinéireacht na Comhairle.

Straitéis Chomhairle Contae Fhine Gall um Ionchuisiú agus Comhtháthú Sóisialta:

Tá Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall tar éis Straitéis um Ionchuisiú agus Comhtháthú Sóisialta a fhorbairt. Cuireadh tús leis sin le próiseas comhairliúcháin le grúpaí pobail agus soláthraithe seirbhísí idir Meán Fómhair agus mí na Nollag 2018. Bunaíodh trí struchtúr grúpa chun cabhrú leis an Straitéis a fhorbairt. Cuirfear tús leis an plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm ag deireadh 2020. Cuirtear €100,000 ar fáil i mBuiséad 2020.

Tionscnaimh Frith-Bhulaíochta:

In 2019, chabhraigh an Rannán Pobail chun tionscnaimh frith-bhulaíochta a chur i láthair i mbunscoileanna ar fud Fhine Gall.

Oifig Spóirt:

Cuireann an Oifig Spóirt go leor clár spóirt ar fáil atá dírithe ar rannpháirteachas i spóirt a mhéadú i gcás spriocghrúpaí sonracha amhail leanaí, ógánaigh i mbaol, grúpaí faoi mhíbhuntáiste, cailíní sna déaga, mná i spóirt, daoine breacaosta agus daoine faoi mhíchumas.

In 2020, leanfar leis an gclár um Acláí Spóirt/Fíricí Spóirt a chur ar fáil sna bunscoileanna trí réimse modúl oiliúna múinteoirí inrochtana, measúnaithe leanúnacha agus suíomh Gréasáin oideachais/oiliúna. Mar chuid den "Tairseach Foghlama um Fhine Gall Sláintiúil", beidh réimse pleananna agus físeanna oiliúna múinteoirí inrochtana, oideachas cóitseála agus pleananna oiliúna forbartha agus leideanna oiliúna ar fáil.

Leanfar de chúrsaí um Chumhdach Leanaí a chur ar fáil le haghaidh clubanna spóirt agus grúpaí gaolmhara eile sa phobal. Cuirfear roinnt clár ar fáil ar fud an Chontae a bheidh dírithe ar spriocghrúpaí agus a oibreoidh le clubanna agus grúpaí spóirt chun tacú lena bhforbairt trí oideachas cóitseálaithe agus seimineáir agus ceardlanna oiliúna a chur ar fáil. Tá €237,500 san iomlán curtha ar fáil di na tionscnaimh seo in 2020.

Chomh maith leis na cláir spóirt, cuirfear €420,000 ar fáil in 2020 le haghaidh comhpháirtíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus áitiúla chun réimse spóirt a fhorbairt ar fud an chontae.

Tá €120,000 á chur ar fáil le haghaidh Cistithe Trealaimh Spóirt agus le haghaidh na Scéime Deontas do Spóirt Óige (Beag), airgead atá ar fáil do chlubanna spóirt incháilithe.

Oifig na nEalaíon:

Tugann Comhairle Contae Fhine Gall tacaíocht ghníomhach do réimse leathan gníomhaíochtaí ealaíon i bhFine Gall agus cuireann sí chun cinn iad freisin, go háirithe ó thaobh imeachtaí agus léirithe a mhaoiniú.

In 2020, cuirfear €150,000 ar fáil le haghaidh Deontas Ealaíon. Leis na deontais seo, tugtar tacaíocht do réimse leathan gníomhaíochtaí cultúir ar fud Fhine Gall, lena n-áirítear féilte áitiúla ealaíon bliantúla, mórimeachtaí ceoil, scannáin a dhéanamh, seachtain ealaíon sna scoileanna agus tacaíocht chultúir a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Tá an dá Ionad Ealaíon de chuid na Comhairle, Draíocht i mBaile Bhlainséir agus Ionad Ealaíon Shéamuis Mhic Aonghusa san Aill, faoi bhláth i gcónaí agus tá €710,000 curtha ar fáil chun tacú leo arís in 2020. Is lóchrainn cultúir agus ionaid barr feabhais do na healaíona iad na hionad seo i bhFine Gall.

Áirítear €50,000 i mBuiséad 2020 le haghaidh imeachtaí bliantúla lena n-áirítear Spréacha, ar féile amharclainne idirnáisiúnta do leanaí é agus a léirítear i gcomhar leis an Ionad Ealaíon Draíocht. Tá Amharc Fhine Gall ann freisin a thugann tacaíocht dhíreach do chéimithe ealaíon ó Fhine Gall atá ag teacht chun cinn.

Tá €140,000 á chur ar fáil freisin dár gcláir Óige agus Oideachais agus €80,000 le haghaidh taispeántais agus seimineáir a chomhlánaíonn an ról leathan a bhaineann le hobair ealaíne a choimisiúnú ar fud Fhine Gall.

Leanfar ar aghaidh le Scéim Tacaíochta Ealaíontóirí (scéim sparánachta) in 2020. Is é cuspóir na Scéime seo ná tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí aonair proifisiúnta ó Fhine Gall chun a gcleachtas ealaíonta a fhorbairt. Féachann an dámhachtain seo le ham agus acmhainní a thabhairt d'ealaíontóirí chun a bheith ag smaoineamh, ag déanamh taighde, ag machnamh agus chun dul i ngleic lena ngairmeacha beatha ealaíonta. Tá maoiniú €100,00 curtha ar fáil le haghaidh 2020.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, scríobh agus d'fhoilsigh Oifig na nEalaíon an tríú Plean Ealaíona de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall i ndáil leis an tréimhse 2019-2025. Leagtar amach sa straitéis seo gealltanas soiléir agus tréan chun leanúint d'fhorbairt na n-ealaíon i bhFine Gall a chosaint agus a thacú.

An Tionscnamh *Age Friendly*:

Áirítear €38,200 i mBuiséad 2020 chun Straitéis nua Age Friendly 2018-2023 a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall de ghníomhaíochtaí na Straitéise a chur chun cinn i gcomhar lena comhpháirtneírí (comhpháirtneírí reachtúla agus neamhreachtúla).

Clár Fhine Gall 'Éire Chruthaitheach':

Is tionscnamh 5 bliana é an Clár 'Éire Chruthaitheach' a chuireann an chruthaitheacht ag croílár an bheartais phoiblí. Tá Údarás Áitiúla freagrach as Colún 2 den Chlár a chur i bhfeidhm - *An Chruthaitheacht a Chumasú i ngach Pobal*. Leanfar leis an Straitéis um Chultúr & Cruthaitheacht 2018-2022 de chuid Fhine Gall a chur i bhfeidhm in 2020. Déanfaidh Foireann Cultúir Fhine Gall maoirseacht ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a eascraíonn ón Straitéis. Tá €140,100 curtha ar fáil sa bhuiséad le haghaidh na hoibre seo.

I gcomhréir leis an gClár Cuimhneachán *Fingal Remembers* – 2018-2022, oibreoidh an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail chun céad bliain Chreach Bhaile Brigín a chomóradh in 2020.

Ár mBaile Brigín:

Leanaimid de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an Phlean Athnuachana, Ár mBaile Brigín 2019-2025 faoin gcolún Gnóthaí Pobail & Comhtháthú ina bhfuil ról ag Comhairle Contae Fhine Gall mar phríomhghníomhaireacht nó mar ghníomhaireacht comhpháirtíochta maidir leis na príomhghníomhaíochtaí a chur i ngnímh.

Tá tionscadail speisialta do Bhaile Brigín curtha ar fáil sa bhuiséad cláraithe spóirt, i.e. cláir Treodóireachta Scoile agus cláir dreapadóireachta don óige (ag úsáid Balla Dreaptha Choláiste Pobail Bhaile Brigín).

Leanfaimid leis an obair chun tacú leis an bPlean Athnuachana, Ár mBaile Brigín 2019-2025 faoinár gclár ealaíon don óige agus oideachas, agus trí shaothair ealaíne a choimisiúnú agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí áitiúla trínár scéimeanna deontas.

Tá Oifigeach Pobail agus Oifigeach Spóirt ainmnithe ar an láthair i Mol Spóirt/Pobail Bhaile Brigín atá lonnaithe in Ionad Pobail Bhaile an Phléimeannaigh. Chuir siad réimse clár ar fáil sa cheantar in 2019 agus leanfar leo in 2020.

Leanfaidh Leabharlann Bhaile Brigín de thacaíocht a thabhairt don Phlean Athnuachana, Ár mBaile Brigín 2019-2025 in 2020 trí uaireanta oscailte feabhsaithe a chur ar fáil, trí spás a fhorbairt le haghaidh cruinnithe agus foghlama digití agus trí clár nuálach imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil.

F - Áineas & Fónais


Caiteachas

F01	Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta	€990,500
F02	Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne	€14,239,400
F03	Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Faoin Aer	€18,473,000
F04	Spóirt Pobail agus Forbairt Fóillíochta	€6,682,800
F05	Oibriú an Chláir Ealaíon	<u>€4,863,700</u>
		<u>€45,249,400</u>



Ioncam

Deontais na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais	€75,000
An Chomhairle Ealaíon	€50,000
Deontais & Fóirdheontais Eile	€300,000
Ioncam Eile	€836,200
Fóillíocht/Fónais/Cultúr	€665,000
Aoisliúntas	€621,300
	<u>€2,547,500</u>



Tábla F - Caiteachas				
Rannán F - Áineas & Fónais				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
F0101 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta	409,500	409,500	204,800	343,200
F0103 Ranníocaíocht do Shaoráidí Fóillíochta Comhlachtaí Seachtracha	323,500	323,500	322,500	323,500
F0199 Costais Seirbhíse Tacaíochta	257,500	257,500	215,100	198,900
F01 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta	990,500	990,500	742,400	865,600
F0201 Oibríochtaí Seirbhíse Leabharlainne	7,842,600	7,842,600	7,267,700	6,675,300
F0202 Seirbhís Chartlainne	137,900	137,900	100,200	43,200
F0204 Ceannach Leabhar, DLúthdhioscaí, srl.	800,000	800,000	800,000	800,000
F0205 Ranníocaíochtaí d'Eagraíochtaí Leabharlainne	-	-	-	-
F0299 Costais Seirbhíse Tacaíochta	5,458,900	5,458,900	5,316,300	5,326,200
F02 Oibríú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne	14,239,400	14,239,400	13,484,200	12,844,700
F0301 Páirceanna, Páirceanna Imeartha & Spásanna Oscailte	13,196,200	13,196,200	13,074,300	13,126,100
F0302 Clóis Súgartha	302,600	302,600	271,000	364,100
F0303 Tránna	423,900	423,900	477,800	431,000
F0399 Costais Seirbhíse Tacaíochta	4,550,300	4,550,300	4,842,900	4,733,300
F03 Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Faoin Aer	18,473,000	18,473,000	18,666,000	18,654,500
F0401 Deontais Phobail	2,463,900	2,463,900	2,549,100	2,488,100
F0402 Oibríú an Halla Spóirt/Staide	32,200	32,200	32,200	33,500
F0403 Saoráidí Pobail	1,338,600	1,338,600	1,179,000	1,335,600
F0404 Forbairt Áineasa	1,899,200	1,899,200	1,785,800	1,874,800
F0499 Costais Seirbhíse Tacaíochta	948,900	948,900	953,300	949,000
F04 Spóirt Pobail agus Forbairt Fóillíochta	6,682,800	6,682,800	6,499,400	6,681,000
F0501 Riaradh an Chláir Ealaíon	1,948,500	1,948,500	1,886,100	1,931,000
F0502 Ranníocaíochtaí do Chláir Ealaíon Comhlachtaí Eile	88,900	88,900	91,100	89,700
F0503 Oibríochtaí Músaem	-	-	-	-
F0504 Oibríochtaí Saoráidí Oidhreacht/Léirithe	1,986,200	1,986,200	2,646,100	2,601,700
F0505 Féilte agus Ceolchoirmeacha	80,000	80,000	80,000	80,000
F0599 Costais Seirbhíse Tacaíochta	760,100	760,100	739,300	731,200
F05 Oibríú an Chláir Ealaíon	4,863,700	4,863,700	5,442,600	5,433,600
F0601 Seirbhíse Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-
F0699 Costais Seirbhíse Tacaíochta	-	-	-	-
F06 Seirbhíse Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-
Iomlán Rannán F	45,249,400	45,249,400	44,834,600	44,479,400

Tábla F - Ioncam

Rannán F - Áineas & Fóntais

Ioncam de réir Foinse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
Deontais Rialtais				
Tithíocht, Pleanáil & Rialtas Áitiúil	75,000	75,000	75,000	75,000
An Roinn Oideachais agus Scileanna	-	-	-	-
Cultúr, Oidhreacht & Gaeltacht	-	-	5,000	-
Coimirce Sóisialaí	-	-	-	-
Comhairle na Leabharlann	-	-	-	-
An Chomhairle Ealaíon	50,000	50,000	28,500	28,500
Iompar, Turasóireacht & Spórt	-	-	-	-
Forbairt Tuaithe & Pobail	-	-	-	175,400
Eile	300,000	300,000	110,000	560,600
Iomlán Deontas Rialtais	425,000	425,000	218,500	839,500
Earraí & Seirbhísí				
Fóillíocht/Fóntais/Cultúr	665,000	665,000	90,200	645,900
Aoisliúntas	621,300	621,300	599,600	601,300
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha	-	-	-	-
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	-	-	-	-
Ioncam eile	836,200	836,200	1,568,100	895,400
Iomlán na nEarraí & Seirbhísí	2,122,500	2,122,500	2,257,900	2,142,600
Iomlán Rannán 'F'	2,547,500	2,547,500	2,476,400	2,982,100

Rannán G

TALMHAÍOCHT, OIDEACHAS, SLÁINTE & LEAS

BÉILÍ SCOILE

Áirítear €44,500 (glan) sa Bhuiséad chun Scéim na mBéilí Scoile a sholáthar in 2020.

CÉANNA A OIBRIÚ AGUS A CHOTHABHÁIL

Cumhdaítear san fhoráil bhuiséadach seo cothabháil ó lá go lá ag Calafort Bhaile Brigín, Calafort na Sceirí, Calafort an Rois, Calafort Loch Sionnaigh agus Fánán Mhullach Íde.

AN tSEIRBHÍS MAORACHTA MADRAÍ A OIBRIÚ

Áirítear foráil €260,800 i mBuiséad 2020 chun ár ndualgais a chomhlíonadh faoi na hAchtanna um Rialú Madraí 1986 agus 1992. Faoi na hAchtanna seo, tá sé de chumhacht ag an gComhairle madraí fáin nó neamhcheadúnaithe a bhailiú agus a chur i bpóna. Foráiltear do sheirbhís 7 lá.


SEIRBHÍS URGHABHÁLA CAPALL AGUS SAORÁID PÓNA CAPALL A OIBRIÚ

Áirítear foráil €181,100 i mBuiséad 2020 chun ár ndualgais a chomhlíonadh faoin Acht um Rialú Capall 1996 a thugann sé de chumhacht don Chomhairle capaill fáin a chuireann daoine nó maoin i mbaol nó atá ina nús a bhailiú agus a chur i bpóna.

G - Talmhaíocht, Sláinte & Leas


Caiteachas

G02	Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Calafort	€386,700
G04	Seirbhísí Tréidliachta	€606,200
G05	Seirbhísí Tacaíochta Oideachais	€95,100
		<u>€1,088,000</u>



Ioncam

Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara	€50,000
Deontais & Fóirdheontais Eile	€39,500
Ioncam Eile	€122,900
Aoisliúntas	€6,100
	<u>€218,500</u>



Tábla F - Caiteachas				
Rannán G - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
G0101 Limistéir Draenála Talún a Chothabháil	-	-	-	-
G0102 Ranníocaíochtaí do Chomhchomhlachtaí Draenála	-	-	-	-
G0103 Íocaíocht Pinsean Talmhaíochta	-	-	-	-
G0199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
G01 Costais Draenála Talún	-	-	-	-
G0201 Oibriú Céanna	-	-	-	-
G0203 Oibriú Calafoirt	273,200	273,200	228,200	287,000
G0299 Costais Seirbhísí Tacaíochta	113,500	113,500	96,800	96,800
G02 Céanna/Calafoirt a Oibriú agus a Chothabháil	386,700	386,700	325,000	383,800
G0301 Cothabháil Ghinearálta - Réigiúin Chósta	-	-	-	-
G0302 Cosaint Phleanáilte Réigiún Cósta	-	-	-	-
G0399 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
G03 Cosaint an Chósta	-	-	-	-
G0401 Seirbhís Tréidliachta a Sholáthar	-	-	-	-
G0402 Seamlais etc. a Iniúchadh	43,000	43,000	63,000	63,000
G0403 Sábháilteacht Bia	18,000	18,000	18,000	18,000
G0404 Oibriú na Seirbhíse Maorachta Madraí	291,000	291,000	292,200	292,300
G0405 Seirbhísí Eile um Leas Ainmhithe (lena n-áirítear Rialú Capall)	186,100	186,100	188,100	186,400
G0499 Costais Seirbhísí Tacaíochta	68,100	68,100	58,300	57,600
G04 Seirbhís Tréidliachta	606,200	606,200	619,600	617,300
G0501 Íocaíocht Dheontas Ardoideachais	-	-	5,000	-
G0502 Deontais Ardoideachais a Riaradh	-	-	-	-
G0503 Íocaíocht Pinsean an Choiste Gairmoideachais	-	-	-	-
G0504 Riaradh Pinsean an Choiste Gairmoideachais	-	-	-	-
G0505 Ranníocaíocht don Choiste Gairmoideachais	-	-	-	-
G0506 Seirbhísí Eile Oideachais	5,000	5,000	5,000	5,000
G0507 Béilí Scoile	84,000	84,000	109,000	69,000
G0599 Costais Seirbhísí Tacaíochta	6,100	6,100	23,800	23,600
G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais	95,100	95,100	142,800	97,600
G0601 Seirbhís Ghníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-
G0699 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
G06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	-	-	-	-
Iomlán Rannóg G	1,088,000	1,088,000	1,087,400	1,098,700

Tábla F - Ioncam

Rannán G - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas

Ioncam de réir Foinse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
Deontais Rialtais				
Tithíocht, Pleanáil & Rialtas Áitiúil	-	-	-	-
Cultúr, Oidhreacht & Gaeltacht	-	-	-	-
Oideachais agus Scileanna	-	-	-	-
Iompar, Turasóireacht & Spórt	-	-	-	-
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	-	-	-	-
Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara	50,000	50,000	80,000	50,000
Eile	39,500	39,500	50,000	32,000
Iomlán Deontas Rialtais	89,500	89,500	130,000	82,000
Earraí & Seirbhísí				
Aoisliúntas	6,100	6,100	6,200	6,200
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíochta	-	-	-	-
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	-	-	-	-
Ioncam eile	122,900	122,900	123,200	204,200
Iomlán na nEarraí & Seirbhísí	129,000	129,000	129,400	210,400
Iomlán Rannán 'G'	218,500	218,500	259,400	292,400

Rannóg H

SEIRBHÍSÍ

ILGHNÉITHEACHA

RIARADH RÁTAÍ

Áirítear sa tseirbhís seo costas bailithe rátaí chomh maith le foráil maidir le rátaí a bhaineann le maoin fholamh agus drochfhiacha díscríofa a aisíoc. Áirítear leis freisin foráil do chailteanais fhéideartha a eascraíonn as an mBinse Luachála mar a leagtar amach sa chuid den bhuiséad seo a bhaineann le hanailís airgeadais. Beidh éifeacht ar an 1 Eanáir 2020 ag na luachálacha a fuarthas sa phróisis athluachála a cuireadh i gcrích le déanaí.

I gcomhréir le forálacha Alt 31 den Acht Rialtais Áitiúil 2014, féadfaidh an Chomhairle, mar fheidhm fhorchoimeáda, an céatadán d'aisíocaíochtaí rátaí a bhaineann le maoin fholamh i dtogh-líomatáistí áitiúla a athrú.

CLÁRÚ TOGHTHÓIRÍ/VÓTÁLAITHE

Tiomsaíonn an Chomhairle Contae Clár na dToghthóirí gach bliain agus foilsítear é i gcomhréir leis na spriocdhátaí reachtúla. Táthar ag súil go mbeidh thart ar 191,293 toghthóirí ar Dhréacht-Chlár na dToghthóirí arna foilsiú ar an 1 Samhain 2019.

Cuirtear €75,800 ar fáil maidir leis an tionscadal voter.ie atá á dhéanamh ag Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhar leis na trí Údarás Áitiúil eile i mBaile Átha Cliath.

OIBRIÚ MARBHLAINNE AGUS COSTAIS CHRÓINÉARA

Cuireann an Cróinéir Cathrach agus Contae feidhm Cróinéara agus lonchoisne ar fáil do Bhaile Átha Cliath ar fad ar bhonn Gníomhaireachta. Meastar go mbainfidh costas €21,500 leis an tseirbhís sin in 2020.

COSTAIS CHOMHALTAÍ

Cuirtear €27,700 ar fáil le haghaidh comhdhálacha agus oiliúna Comhaltaí Tofa i 2020.

ÍOCAÍOCHT AR ÁIT CHÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH MEAMHPHRÍOMHA (NPPR)

Foráiltear i mBuiséad 2020 d'ioncam €0.7m i ndáil le riaráistí an mhuirir NPPR a aisghabháil.

COSTAIS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

OIFIGÍ NA COMHAIRLE A MHAOINIÚ

Leithdháiltear €4.3m i leith na socruithe airgeadais le haghaidh oifigí Bhaile Bhlainséir agus oifigí Halla an Chontae.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Tugann an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise tacaíocht chun seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'ionadaithe tofa Fhine Gall trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid.

Leanfaidh an Rannóg Teicneolaíochtaí Faisnéise ar aghaidh le Clár um Chlaochlú Digiteach san Ionad Oibre in 2020. Is é is cuspóir leis an gClár seo ná timpeallacht oibre dhigiteacha chur i bhfeidhm san oifig, san iosta agus ar an láthair. Le digitíú na dtaifead ar fad, cuirfear feabhas ar éifeachtúlacht próisis oibre, ar rialú agus slándáil faisnéise, ar oibriú taistil agus allamuigh, chomh maith le gnóthachain comhshaoil.

Tá Straitéis Dhigiteach Fhine Gall á dréachtú faoi láthair i ndiaidh próisis comhairliúcháin. Cuirfear i gcrích í roimh dheireadh 2019 agus díreofar ansin ar ghníomhaíochtaí na Straitéise Digití a chur i bhfeidhm.

Tá na tionscadail seo a leanas ar siúl faoi láthair agus leanfar leo in 2020:

- Straitéis Dhigiteach Fhine Gall
- WiFi Poiblí Sráide
- Feidhmiú céimneach Office365
- Córas Bainistíochta Doiciméad Corparáideach agus Taifead
- Uasghrádú an chórais pleanála
- Uasghrádú an chórais tithíochta

Leanfaidh an Rannóg Teicneolaíochtaí Faisnéise d'infrastruchtúr teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chothabháil agus a thacú le haghaidh Chomhairle Contae Fhine Gall lena n-áirítear gréasán sonraí, infrastruchtúr freastalaithe córais ghnó agus gléasra ríomhaireachta na Comhairle.

Leanfaidh an Chomhairle de bheith páirteach go gníomhach sa tionscnamh réigiúnach *Smart Dublin* a bhfuil sé mar chuspóir aige nuálaíocht agus comhoibriú a spreagadh ó thaobh úsáid na teicneolaíochta chun réitigh nua ar dhúshláin aitheanta réigiúnacha a fhorbairt.

Leanfaidh an Chomhairle freisin de cheannaireacht a thabhairt i ndáil le tionscadal na nÚdarás Áitiúil um Shonraí Oscailte a chuirfidh ar chumas Údarás Áitiúil Sonraí Oscailte a fhoilsiú ar bhealach comhordaithe agus caighdeánaithe.

ACMHAINNÍ DAONNA

Tá an Chomhairle ag dul i méid agus á neartú chun dul i ngleic leis na dúshláin agus éilimh sna blianta atá romhainn. Leanaimid den Chomhaontú Cobhsaíochta Seirbhíse Poiblí 2018-2020 agus comhaontuithe eile a rialaíonn Earnáil an Rialtais Áitiúil a Lean a chur i bhfeidhm.

Leanfaidh an Rannóg Achmhainní Daonna de dhul i gcomhairle leis na Ceardchumainn agus leanfaidh sí den phróiseas rannpháirtíochta "Líonra Fhine Gall" a úsáid chun éifeachtúlachtaí riachtanacha a chur i bhfeidhm san áit oibre agus comhchuibheacht á coinneáil an t-am ar fad.

OILIÚINT

Tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, leanann an Rannóg Acmhainní Daonna dá chinntiú go ndéantar scileanna, cumais agus inniúlachtaí ár bhfostaithe a fheabhsú agus a uasdátú ionas gur féidir leo a ról a chomhlíonadh ar bhealach inniúil sábháilte i gcúinsí oibre atá ag athrú.

SLÁINTE & SABHÁILTEACTH CHEIRDE


Anuas ar mheasúnaithe forleathana VDU, iniúchtaí sábháilteachta agus iniúchtaí sábháilteachta ar an láthair oibre a dhéanamh le linn 2019, tá an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta tar éis páirt a ghlacadh i dtrialacha de phrótacail nua a bhaineann le hiniúchtaí sábháilteachta ar an láithreán agus nósanna imeachta um thuairisciú níos doimhne agus níos mionsonraithe. Cuirfear na prótacail nua seo i bhfeidhm an bhliain seo chugainn.

In 2019, i ndiaidh ocht mbliana as a chéile de dhul i gcomórtas ag an leibhéal Náisiúnta agus gradaim sábháilteachta Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann a bhaint amach, lena n-áirítear gradaim d'ardghnóthachtálaithe comhsheasmhacha, tá Comhairle Contae Fhine Gall tar éis ardghradam agus gradam do ardghnóthachtálaí comhsheasmhach a bhaint amach ag an 28ú Gradaim Sábháilteachta Ceirde de chuid Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann & Grúpa Shábháilteacht Thuaisceart Éireann.

H – Seirbhísí Ilghnéitheacha

Caiteachas

H02	Cuntais Stórais Brabúis & Cailíteanais	€311,000
H03	Riaradh Rátaí	€27,229,300
H04	Costais Saincheadúnais	€469,400
H05	Oibriú Costas Marbhlainne agus Cróinéara	€22,100
H06	Droichid Mheáite	€18,100
H07	Oibriú Margaí agus Corrthrádála	€1,000
H09	Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Sibhialta	€2,199,200
H11	Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	€754,600
		€31,004,700



Ioncam

Deontais na Roinne Tithíochta, Pleanála	€4,901,500
NPPR	€700,000
Ioncam Eile	€466,500
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	€237,000
Aoisliúntas	€59,700
	€6,364,700



Tábla F - Caiteachas				
Rannóg H- Seirbhísí Ilghnéitheacha				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
Seirbhís Innealra a Chothabháil	1,868,700	1,868,700	1,710,000	1,869,700
H0102 Oibríochtaí Gléasra agus Innealra	(1,868,700)	(1,868,700)	(1,710,000)	(1,869,700)
H0199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
H01 Cuntas Stórais Brabúis & Cailleanais	-	-	-	-
H0201 Ceannach Ábhar, Stórais	155,000	155,000	105,000	160,300
H0202 Costais Riaracháin Stórais	39,200	39,200	43,600	40,900
H0203 Cothabháil Foirgneamh, stórais	-	-	-	-
H0299 Costais Seirbhísí Tacaíochta	116,800	116,800	32,300	32,900
H02 Cuntais Stórais Brabúis & Cailleanais	311,000	311,000	180,900	234,100
H0301 Riaradh an Oifige Rátaí	160,000	160,000	141,200	151,200
H0302 Rátaí Seirbhíse um Bainistiú Fiachais	671,600	671,600	706,100	717,200
Aisiocaíochtaí agus Rátaí Do-aisghabhála	25,492,000	26,012,000	5,530,000	9,261,400
H0399 Costais Seirbhísí Tacaíochta	905,700	905,700	867,400	817,900
H03 Riaradh Rátaí	27,229,300	27,749,300	7,244,700	10,947,700
H0401 Costais Cláir Toghthóirí	277,500	277,500	295,800	303,400
H0402 Costais Toghcháin Áitiúla	-	-	484,100	555,400
H0499 Costais Seirbhísí Tacaíochta	191,900	191,900	133,200	133,100
H04 Costais Saincheadúnais	469,400	469,400	913,100	991,900
H0501 Táillí agus Costais Cróinéara	21,500	21,500	161,700	21,500
H0502 Oibríú Marbhlann	-	-	-	-
H0599 Costais Seirbhísí Tacaíochta	600	600	800	700
H05 Oibríú Costas Marbhlann agus Cróinéara	22,100	22,100	162,500	22,200
H0601 Oibríochtaí Droichead Meáite	16,600	16,600	18,500	16,600
H0699 Costais Seirbhísí Tacaíochta	1,500	1,500	1,100	1,000
H06 Droichid Mheáite	18,100	18,100	19,600	17,600
H0701 Oibríú Margaí	-	-	-	-
H0702 Limistéir Corrthrádála	1,000	1,000	-	1,000
H0799 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
H07 Oibríú Margaí agus Corrthrádála	1,000	1,000	-	1,000
H0801 Damáiste Mailíseach	-	-	-	-
H0899 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
H08 Damáiste Mailíseach	-	-	-	-

Tábla F - Caiteachas				
Rannán H- Seirbhísí Ilghnéitheacha				
Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
H0901 Íocaíochtaí Ionadaíochta	722,400	722,400	682,400	762,400
H0902 Liúntais an Chathaoirligh/Leas-Chathaoirligh	92,500	92,500	43,900	41,500
H0903 Liúntais Bhliantúla Chomhaltaí an Údaráis Áitiúil	340,500	340,500	340,500	340,000
H0904 Costais Bhaill an Údaráis Áitiúil	-	-	-	-
H0905 Costais Eile	-	-	-	-
H0906 Comhdhálacha Thar Lear	8,000	8,000	8,000	8,000
H0907 Aiscí Scoir	-	-	146,000	295,100
H0908 Ranníocaíochtaí do Chumainn Comhaltaí	17,000	17,000	16,500	17,000
H0909 Leithdháileadh Ginearálta Cathrach	-	-	-	-
H0999 Costais Seirbhísí Tacaíochta	1,018,800	1,018,800	1,160,200	921,300
H09 Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Sibhialta	2,199,200	2,199,200	2,397,500	2,385,300
H1001 Oibríocht Mhótarchánach	-	-	-	-
H1099 Costais Seirbhísí Tacaíochta	-	-	-	-
H10 Mótarcháin	-	-	-	-
H1101 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	155,200	155,200	247,900	110,200
H1102 NPPR	354,600	354,600	384,700	391,100
H1199 Costais Seirbhísí Tacaíochta	244,800	244,800	341,900	341,200
H11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inghnóthaithe	754,600	754,600	974,500	842,500
Iomlán Rannán H	31,004,700	31,524,700	11,892,800	15,442,300
Méid Foriomlán	269,970,200	269,970,200	237,305,800	244,409,000


Tábla F - Ioncam

Rannán H - Seirbhísí Ilghnéitheacha


Ioncam de réir Foinse	2020		2019	
	Glactha ag an gComhairle €	Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Olltoradh Measta €
Deontais Rialtais				
Tithíocht, Pleanáil & Rialtas Áitiúil	4,901,500	4,901,500	9,239,700	9,241,800
Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara	-	-	-	-
Coimirce Sóisialaí	-	-	-	-
Dlí agus Ceart & Comhionannas	-	-	-	-
Eile	-	-	-	-
Iomlán Deontas Rialtais	4,901,500	4,901,500	9,239,700	9,241,800
Earraí & Seirbhísí				
Aoisliúntas	59,700	59,700	62,500	62,700
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíochta	-	-	-	-
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	237,000	237,000	165,000	170,600
NPPR	700,000	700,000	1,200,000	1,600,000
Ioncam eile	466,500	466,500	607,900	549,500
Iomlán na nEarraí & Seirbhísí	1,463,200	1,463,200	2,035,400	2,382,800
Iomlán Rannán 'H'	6,364,700	6,364,700	11,275,100	11,624,600
Méid Foriomlán	113,591,800	113,591,800	103,243,500	108,701,800

CERTIFICATE

I hereby certify that at the Annual Budget meeting of Fingal County Council held this 26th day of November 2019, the Council by resolution adopted for the financial year ending 31st day of December 2020, the Annual Budget, as amended, set out in Tables A - F and by resolution determined in accordance with the said budget the rates set out in Table A to be the Annual Rate on Valuation to be levied for that year for the purposes set out in Table A.

Signed 

Mayor

Countersigned 

Head of Finance

Date 26-11-2019

Dearbhú

Deimhním leis seo gur tharla sé ag an gcruinniú Chomhairle Contae Fhine Gall maidir leis an mBuiséad Bliantúil ar an 26ú lá de mhí na Samhna 2019, ghlac an Chomhairle le rún don bhliain airgeadais dar críoch an 31 lá de mhí na Nollag 2020, an Buiséad Bliantúil arna leagan amach i dTáblaí A - F agus le rún arna chinneadh i gcomhréir leis an mbuiséad i gceist an ráta arna leagan amach i dTábla A a bheith ina Ráta Bliantúil ar Luacháil Atá le tobhach don bhliain sin chun na críocha arna leagan amach i dTábla A.

Aguisín 1**ACHOIMRE AR AN MUIREAR LÁRBHAINISTÍOCHTA DON BHLIAIN 2020**

Tuairisc	2020 €	2019 €
Forchostas Oifige Ceantair	-	-
Forchostas Gnóthaí Corparáideacha	7,109,300	7,361,200
Forchostas Foirgníochta Corparáideacha	11,180,900	11,725,400
Forchostas an Fheidhmeannais Airgeadais	2,593,500	2,570,400
Forchostas na Feidhme Acmhainní Daonna	2,985,700	3,016,700
Forchostas na Seirbhísí TF	6,221,900	5,390,000
Forchostas Sheirbhís an tSeomra Priontála & Poist	-	-
Forchostas Pinsin & Cnapshuime	15,389,500	15,068,800
Caiteachas Iomlán arna Dháileadh ar Sheirbhísí	45,480,800	45,132,500

Aguisín 2		
ACHOIMRE AR AN LEITHDHÁILEADH DON CHÁIN MHAOINE ÁITIÚIL DON BHLIAIN 2020		
Tuairisc	2020 €	2020 €
Lánroghnach		
Cáin Mhaoine Áitiúil Lánroghnach (Tábla A)	7,528,500	
	<hr/>	7,528,500
Féinmhaoiniú - Buiséad Ioncaim		
Tithíocht & Foirgníocht	1,500,000	
Iompar & Sábhálteacht ar Bhóithre	3,914,400	
	<hr/>	5,414,400
Iomlán don Cháin Mhaoine Áitiúil - Buiséad		12,942,900
Ioncaim Féinmhaoinithe - Buiséad Caipitil		
* Tithíocht & Foirgníocht	13,861,500	
Iompar & Sábhálteacht ar Bhóithre	<hr/>	
Iomlán don Cháin Mhaoine Áitiúil - Buiséad Caipitil		13,861,500
Leithdháileadh Iomlán don Cháin Mhaoine Áitiúil (Tar éis Athrúcháin)		26,804,400

* Tá deighilt an cheanglais fhéinmhaoinithe bunaithe ar aicmiú an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar reatha agus caipiteal. Ní thagann sé sin le déileáil ag údaráis áitiúla i roinnt cásanna, áfach, e.g. Deontais um Thithe Priobháideacha, an Scéim Chomhiomlánaithe Talún. Dá réir sin, cuimsíonn an leithdháileadh Caipitil do CMÁ roinnt gnéithe d'fhéinmhaoiniú atá aicmithe mar ioncam sa Bhuiséad seo, ní fios ag an uair seo an ghné de CMÁ le haghaidh na scéimeanna sin. Ullmháodh an buiséad, áfach, ar an mbonn go mbeidh maoiniú le haghaidh na scéimeanna sin maoinithe go hiomlán trí CMÁ nó maoiniú Rialtais Láir